Curaclam na Bunscoile

Primary School Curriculum

# Na hAmharcealaíona

## Oideachas Ealaíon

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR

Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS
TEACH SUN ALLIANCE
SRÁID THEACH LAIGHEAN
BAILE ÁTHA CLIATH 2

nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁIN AN RIALTAIS
AN RANNÓG POST-TRÁCHTA
4-5 BÓTHAR FHEARCHAIR
BAILE ÁTHA CLIATH 2
(Teil: 01-6476834-5; Fax: 01-4752760)
nó trí aon díoltóir leabhar

| | |
|---|---|
| Comhairleoir deartha: | Páirtíocht Bradley McGurk |
| Arna dhearadh ag: | The Identity Business |
| Arna chur i gcló ag: | Spectrum Print Management |
| Arna chlóbhualadh ag: | Mozzon Giuntina - Florence agus<br>Officine Grafiche De Agostini - Novara |

© 1999 Rialtas na hÉireann

# Na hAmharcealaíona

## Oideachas Ealaíon

### Curaclam

# Clár


## Réamhrá

**Oideachas ealaíon** 2

Curaclam oideachas na n-ealaíon 2

Aidhmeanna 5

**Na hamharcealaíona** 6

Aidhmeanna 10

Cuspóirí leathana 11

## Ranganna naíonán

Foramharc 15

Pleanáil 16

Forbairt coincheap agus scileanna 18

Ábhar 20

## Ranganna 1 agus 2

Foramharc 27

Pleanáil 28

Forbairt coincheap agus scileanna 30

Ábhar 32

## Ranganna 3 agus 4


Foramharc 45
Pleanáil 46
Forbairt coincheap agus scileanna 48
Ábhar 50


## Ranganna 5 agus 6


Foramharc 63
Pleanáil 64
Forbairt coincheap agus scileanna 66
Ábhar 68


## Measúnú


Measúnú 82


## Aguisín


Gluais 92
Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon 95
Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta 96

# Réamhrá

# Oideachas ealaíon



Is é atá sna healaíona ná léiriú eagraithe in íomhánna, i gceol, i dteanga, i ngothaí agus i ngluaiseacht d'idéanna, de mhothúcháin agus d'eispéiris. Déanann siad soláthar do shaibhriú céadfaíoch mothúchánach intleachtach agus cruthaitheach an pháiste agus cuireann siad lena f(h)orbairt iomlánaíoch. Forbraítear an-chuid de na rudaí is mó a bhfuil meas orthu sa tsochaí trí fhoirmeacha éagsúla ealaíne a oibríonn chun spiorad cultúrtha agus mothú dea-bhaile a chothú.

Cuireann oideachas ealaíon ar chumas an pháiste bealaí eile caidrimh le daoine a iniúchadh. Spreagann sé idéanna atá pearsanta agus airgtheach agus cuidíonn sé go mór chun raon de chumais intleachta a fhorbairt. Saibhríonn oideachas ealaíon a bhfuil cuspóir leis saol an pháiste bhunscoile go mór agus is fíorluachmhar é chun cumas machnaimh chruthaithigh a spreagadh ann/inti agus chun a (h)acmhainn agus a c(h)umas chun oiriúnaithe a fhorbairt. Cuirtear béim ar an bpróiseas cruthaitheach agus sa chaoi sin déantar deimhin de go mbíonn obair an pháiste pearsanta agus ar chaighdeán ard. Bíonn meas ar a (h)iarrachtaí é/í féin a chur in iúl trí mheán na healaíne, forbraítear féinmhuinín, spreagtar spontáineacht agus fonn fiontraíochta agus cuirtear fáilte roimh éagsúlacht. Is í an ghné thacúil seo den ealaín chruthaitheach a dhéanann eispéireas chomh dearfach sin don pháiste dá p(h)áirtíocht inti. Is cuid dhílis den oideachas bunscoile é an t-oideachas ealaíon i bhforbairt cumais mhachnaimh, samhlaíochta agus íogaireachta agus is féidir na gníomhaíochtaí ealaíne a bheith ina bhfócas d'fhorbairt shóisialta agus chultúrtha agus do thaitneamh i scoil.

Cuimsíonn oideachas ealaíon raon de ghníomhaíochtaí sna hamharcealaíona, i gceol, i ndrámaíocht, i ndamhsa agus sa litríocht. Cuidíonn na gníomhaíochtaí agus na heispéiris seo leis an bpáiste chun an saol a thuiscint, chun ceisteanna a chur, chun tuairimíochta agus chun fadhbanna a réiteach, agus chun déileáil lena m(h)othúcháin agus freagairt d'eispéireas cruthaitheach.

## Curaclam oideachas na n-ealaíon

Soláthraíonn curaclam oideachas na n-ealaíon ar chothromaíocht a aimsiú idir léiriú agus riachtanas an pháiste taithí a fháil ar na hamharcealaíona, ar cheol agus ar dhrámaíocht, agus freagairt dóibh. Déantar cur síos ar dhamhsa sa churaclam corpoideachais agus léirítear mar a chuidíonn an litríocht le forbairt mhothúchánach agus forbairt shamhlaíocht an pháiste sna curaclaim teanga.

Is é atá sa churaclam amharcealaíon ná gníomhaíochtaí comhghaolmhara in *ealaín a dhéanamh* agus i *mbreathnú ar ealaín agus freagairt di.*

Soláthraítear raon de ghníomhaíochtaí trína ndéantar an amharcthimpeallacht a bhreathnú, a iniúchadh agus a léirthuiscint agus trína ndéantar freagairt di. Is é atá i gceist le breathnú ná dearcadh go feasach agus go tuisceanach ar na hamharcghnéithe agus mar a imríonn siad ar a chéile sa timpeallacht agus i saothar ealaíne. Cuid dhílis í an fheasacht seo d'fhorbairt amharcléirithe agus de fhreagairt phearsanta an pháiste ar eispéireas cruthaitheach. Bíonn obair le raon de mheáin, idir obair dhéthoiseach agus obair thríthoiseach, i gceist le healaín a dhéanamh. Bíonn forbairt tuisceana ar thréithe intreacha na healaíne chomh maith le forbairt taitnimh aeistéitiúil uirthi i gceist sa léirthuiscint. Agus an clár á fhorbairt, lorgaítear cothromaíocht idir gníomhaíochtaí léirithe nó déanta agus deiseanna breathnaithe agus freagartha ar amharcfhoirmeacha ealaíne a bhaineann le stíleanna, tréimhsí agus cultúir dhifriúla. Tá an oidhreacht náisiúnta, ina n-áirítear traidisiúin áitiúla cheardaíochta agus a bhforbairtí nua-aimseartha, ar na foirmeacha ealaíne sin.

Is é atá sa churaclam ceoil ná gníomhaíochtaí *éisteachta agus freagartha, léirithe agus cumadóireachta*. Leagtar béim ar ghéaréisteacht ní hamháin i ngeall ar an taitneamh a ghabhann léi ach, chomh maith, i ngeall ar a feidhm lárnach sa chumadóireacht agus sa léiriú. Déantar an páiste a ghríosadh chun géaréisteacht a dhéanamh le fuaimeanna sa timpeallacht agus, de réir a chéile, chun feasacht a fhorbairt ar an gcaoi a n-eagraítear fuaim i gceol. Bíonn cothromaíocht idir amhránaíocht agus seinm a s(h)aothair féin agus saothair daoine eile ar uirlis cheoil i gceist sa léiriú. Déantar slite chun ceol a úsáid a iniúchadh trí chumadóireacht ina mbaintear feidhm as an nguth agus as cumadóireacht le raon forásach d'uirlisí ceoil. I bhforbairt an chláir déantar léiriú a chothromú le deiseanna chun raon ceoil a chloisteáil agus freagairt phearsanta a dhéanamh dó. Sa raon ceoil sin cuimsítear ceol a bhaineann le stíleanna, tréimhsí agus cultúir dhifriúla agus an stór ceoil náisiúnta ina fhoirmeacha náisiúnta agus réigiúnacha san áireamh. Moltar gníomhaíochtaí comhghaolmhara éisteachta, léirithe agus cumadóireachta sa churaclam.

Cuimsíonn an curaclam drámaíochta raon de ghníomhaíochtaí comhghaolmhara ina ndéantar *mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú*. Déantar téamaí agus saincheisteanna a iniúchadh, cruthaítear comhthéacsanna sábháilte chuige sin agus cuirtear deiseanna ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar na léargais a eascraíonn as an bpróiseas. Baintear lánúsáid as eolas, spéiseanna agus díocas an pháiste. Sa drámaíocht déanann an páiste ceannfháthanna daoine agus na gaolta a bhíonn idir daoine i ndearbhchomhthéacs, i gcomhthéacs samhailteach nó i gcomhthéacs stairiúil a iniúchadh mar

chabhair dó/di an saol ina maireann sé/sí a thuiscint. Laistigh de chomhthéacs sábháilte na drámaíochta spreagtar an páiste chun cinnteoireachta agus chun freagracht a ghlacadh as a gcinneann sé/sí.

Cuireann damhsa deiseanna ar fáil don pháiste a t(h)aitneamh nádúrtha ar ghluaiseacht *lánléiritheach* a eagrú agus a fhorbairt i bhfoirm dhamhsa. Spreagtar é/í chun raon de ghluaiseachtaí coirp a iniúchadh agus a thástáil trí dhamhsa agus chun raon de mhothúcháin agus de bhraistintí a chur in iúl. Cuimsíonn an clár damhsa gníomhaíochtaí dírithe ar dhamhsa a iniúchadh, a chruthú agus a léiriú agus ar thuiscint ar fhoirmeacha an damhsa a fhorbairt.

Sa litríocht treoraítear an páiste chun saol na samhlaíochta a iniúchadh agus chun a fhionnachtain mar a bheotar é trí theanga. Cothaítear teanga lánléiritheach, idir labhartha agus scríofa, i ngeall ar an taitneamh a bhaineann léi agus mar chabhair d'fhorbairt feasachta aeistéitiúla.

## Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna oideachas na n-ealaíon ná

- a chur ar chumas an pháiste idéanna, mothúcháin agus eispéiris a iniúchadh, a shoiléiriú agus a chur in iúl trí raon de ghníomhaíochtaí ealaíne
- eispéiris aeistéitiúla a chur ar fáil agus feasacht aeistéitiúil a fhorbairt ar na hamharcealaíona, ar an gceol, ar dhrámaíocht, ar dhamhsa agus ar litríocht
- feasacht, íogaireacht agus taitneamh a fhorbairt sa pháiste i leith cáilíochtaí amhairc, cloiste, tadhaill agus spásúlachta ina t(h)impeallacht
- a chur ar chumas an pháiste a b(h)uanna agus a (h)achmhainní dúchasacha a fhorbairt, teicníochtaí a shealbhú, agus na scileanna atá riachtanach chun léiriú cruthaitheach a dhéanamh agus chun taitneamh a bhaint as rannpháirtíocht i bhfoirmeacha éagsúla ealaíne a chleachtadh
- a chur ar chumas an pháiste fadhbanna a aithint agus a réiteach go cruthaitheach trí mhachnamh samhlaíoch a dhéanamh agus sa tslí sin leithlí agus fiontraíocht a chothú
- féinmhuinín agus féinmheas an pháiste a mhórluacháil trí mheas ar fhéinléiriú a chothú
- feasacht ar fheabhas na healaíne mar aon le léirthuiscint uirthi a chothú, pé acu ealaín i gcomhthéacs áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó domhanda, nó ealaín i gcomhthéacs comhaimseartha nó i gcomhthéacs san am atá thart a bhíonn i gceist
- léirthuiscint chriticiúil ar ealaín a chothú ar mhaithe le sásamh agus taitneamh pearsanta.

# Na hamharcealaíona

Bealach chun idéanna a chumadh agus a chur in iúl trí shamhlaoidí is ea an ealaín. Is réimse uathúil siombalach í; is ábhar é a ngabhann éilimh ar leith leis agus a bhfuil corp eolais dá chuid féin aige. Is bealach nádúrtha taitneamhach í an ealaín chun taithí an pháiste ar an saol a leathnú agus a shaibhriú.

Cuireann gníomhaíochtaí amharcealaíon ar chumas an pháiste naisc a dhéanamh idir saol na samhlaíochta agus an saol ina t(h)impeall agus idéanna, mothúcháin agus eispéiris a eagrú agus a léiriú i bhfoirm amhairc agus i bhfhoirm thadhaill. Trí líníocht, péinteáil, tógáil agus cumadóireacht sealbhaíonn an páiste a (h)eispéireas féin, freagraíonn sé/sí air agus déanann sé/sí iarracht é a thuiscint.

Cuireann oideachas amharcealaíon eispéireas cruthaitheach agus aeistéitiúl ar fáil trí iniúchadh, imscrúdú, tástáil, cumadóireacht agus déanamh a chleachtadh i raon de mheáin. Cothaíonn sé breathnóireacht agus slite éagsúla chun féachaint ar rudaí agus cuidíonn sé leis an bpáiste íogaireacht a fhorbairt don saol amhairc, don saol spásúlach agus don saol tadhaill agus d'eispéireas aeistéitiúil. Treoraíonn oideachas amharcealaíon fiosracht nádúrtha an pháiste i dtreo cuspóirí oideachais; cuidíonn forbairt a f(h)easachta aireachtála leis an bpáiste chun taitneamh a bhaint as an amharcthimpeallacht agus as saothar ealaíne agus chun iad a léirthuiscint agus d'fhéadfadh sí an fhoglaim i ngach achar den churaclam a éascú. Cuireann a g(h)nóthachtáil chruthaitheach san ealaín le forbairt thuiscint an pháiste dá f(h)éiniúlacht agus le féinmheas, feasacht ar chultúr agus ionbhá a fhorbairt ann/inti, chomh maith.

## Ábhar an churaclaim amharcealaíon

Sa churaclam moltar na meáin thíosluaite mar mheáin léirithe insroichte a chuirfidh ar chumas an pháiste an saol a iniúchadh, freagairt dó agus é a léirthuiscint ó thaobh amhairc de:

- *Líníocht*
- *Péint agus dath*
- *Prionta*
- *Cré*
- *Tógáil*
- *Fabraic agus snáithín.*

*Líníocht*

Is bealach nádúrtha don pháiste í líníocht chun tuiscint, mothúcháin agus a s(h)aol samhlaíoch a chur in iúl. De réir mar a bhíonn an páiste ag fás is rud nádúrtha dó/di siombailí a cheapadh chun an fhíor dhaonna, ainmhithe agus rudaí coitianta eile a léiriú. Níos déanaí éiríonn sé soiléir gur gá dul níos faide ná na siombailí céanna a úsáid arís is arís eile agus gur gá don pháiste tuiscint fhorásach ar a leithlí féin a chur in iúl. Má tá acmhainn líníochta an pháiste agus a t(h)aitneamh uirthi le forbairt ní mór a c(h)umas chun dearcadh go fiosrach aireach ar thréithe mar líne, rithim, uigeacht, dhath agus thon sa timpeallacht agus i saothar ealaíontóirí a fhorbairt. Tá tábhacht faoi leith leis an líníocht sa churaclam.

*Péint agus dath*

De bharr a sreabhachta agus toisc go soláthraítear torthaí ar an toirt, is meán idéalach í an phéint chun íogaireacht an pháiste do dhath a fhorbairt. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí na tionchair léirithe agus tuairisciúla atá ag raon de mheáin datha éagsúla a iniúchadh agus a n-úsáid go fiontrach a spreagadh. Spreagann feasacht ar dhath an páiste chun bheith íogaireach do dhath ina t(h)impeallacht agus chun taitneamh a bhaint as agus déantar seo a shaibhriú a thuilleadh nuair a bhíonn deis ag an bpáiste saothar ealaíontóirí a bhreathnú.

*Prionta*

Leathnaíonn déanamh priontaí raon léirithe an pháiste. Soláthraíonn gníomhaíochtaí priontála deiseanna breise chun feasacht a fhorbairt ar na naisc idir dathanna agus cruthanna agus ar a dtionchar agus chun triail a bhaint as déanamh gréas. Léiríonn na gníomhaíochtaí seo don pháiste mar a úsáidtear prionta nuair a bhíonn rudaí coitianta á ndéanamh agus cuidíonn siad leis/léi tuiscint a shealbhú ar na próisis a úsáidtear chun na híomhánna éagsúla ina t(h)impeallacht a chumadh.

*Cré*

Is meán ildánach cré chun saorléiriú samhlaíoch a dhéanamh. Agus an chré á múnlú agus á hathrú aige/aici éiríonn an páiste níos tuisceanaí ar an leas is féidir a bhaint aisti chun léiriú tríthoiseach a dhéanamh. Is meán an-mhaith í chun tuiscint ar fhoirm a fhorbairt de bharr a nádúir phlaistigh intuargainte. Ba chóir go mbeadh deis ag gach páiste potaireacht agus dealbhóireacht ón gceardaí a fheiceáil agus, más féidir, í a láimhsiú nó a thadhall.

Tá *papier maché* an-oiriúnach chomh maith mar mheán chun idéanna a léiriú i bhfoirm thríthoiseach. Dhéanfadh sé an obair i gcré a chomhlánú agus d'fhéadfaí é a úsáid, anois is arís, mar bhealach eile chun foirm a iniúchadh, go háirithe nuair a bhíonn foirmeacha móra i gceist.

### *Tógáil*

D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála le raon d'ábhair thríthoiseacha feasacht spásúlach an pháiste a fhorbairt, seiftiúlacht a spreagadh agus íogaireacht do struchtúir sa timpeallacht agus lasmuigh di a chothú. D'fhéadfadh raon d'ábhair mar rudaí coitianta tí, troscán sráide agus ailtireacht agus dealbhóireacht phoiblí sa timpeallacht an páiste a spreagadh.

### *Fabraic agus snáithín*

Is meáin inoiriúnaithe thaitneamhacha ar féidir iad a úsáid go cruthaitheach fabraic agus snáithín agus is ábhair iad ar féidir leis an bpáiste ag gach leibhéal iad a úsáid le haghaidh iniúchta, cumtha agus deartha. Spreagann a struchtúir, a n-uigeacht, a ngréasa agus a ndathanna idéanna agus soláthraíonn siad deiseanna le haghaidh léirithe. Is féidir feidhm a bhaint astu freisin chun tuiscint ar dhath, thon, chruth, uigeacht, ghréas agus rithim a dhaingniú. Dé réir mar a fhásann muinín an pháiste agus na hábhair á láimhsiú aige/aici is féidir iad a úsáid i slite níos casta fós. Trí úsáid fabraice agus snáithín faigheann an páiste léargas ar cheardaíocht thraidisiúnta agus ar dhearadh comhaimseartha agus faisean san áireamh.

### *Meáin chomhlántachta*

Is féidir comhlánú a dhéanamh ar na snáitheanna thuasluaite trí ghníomhaíochtaí i meáin eile mar ghrianghrafadóireacht, scannánaíocht, fhíseáin nó léiriúcháin ríomhaireachta ach ní mór cothromaíocht a choinneáil idir gníomhaíochtaí déthoiseacha agus tríthoiseacha.

## Na hamhaircghnéithe

Cuidíonn na gníomhaíochtaí amharcealaíona a mholtar le haghaidh na meán éagsúil le híogaireacht do thréithe mar líne, cruth, foirm, dath, uigeacht, gréas agus rithim agus eagrú spáis a fhorbairt agus cuireann siad ar chumas an pháiste na tréithe seo a úsáid go feidhmiúil. Baineann na tréithe seo le gnéithe an amharcshaoil agus le teanga na healaíne agus ní mór aire a dhíriú orthu, *go neamhfhoirmiúil* agus *i gcomhthéacs*, ag gach leibhéal sa bhunscoil. Úsáidtear na téarmaí 'amharcghnéithe' agus 'gnéithe ealaíne' mar théarmaí inmhalairtithe. Tugtar sainmhíniú ar théarmaí neamhchoitianta sa ghluais.

## Nascadh agus comhtháthú

Is gné thábhachtach den bhunoideachas an fhoghlaim chomhtháite. Soláthraíonn topaicí dea-phleanáilte comhtháite go leor comhthéacsanna éagsúla chun coincheapa agus scileanna a fhorbairt agus cuirtear deiseanna sa bhreis ar fáil chun cruthaitheacht agus intleacht a fhorbairt. I measc na dtopaicí beidh gníomhaíochtaí amharcealaíon a chuimsíonn meáin éagsúla *(nascadh)* chomh maith le gníomhaíochtaí traschuraclaim. Sa chás deireanach seo is amhlaidh a imoibríonn achair fhoglama ar a chéile agus déantar cuspóirí gach achair acu a shainiú go soiléir *(comhtháthú)*. Taispeántar moltaí maidir le gníomhaíochtaí nasctha agus gníomhaíochtaí comhtháite ag deireadh gach snáithaonaid. Ní mór, áfach, cothromaíocht a choinneáil idir teagasc comhtháite agus teagasc ábharlárnach, go háirithe i gcás ranganna sinsearacha.

## Teanga agus oideachas amharcealaíon

Tá teanga ina chomhchuid chomh forleitheadach sin i dteagasc agus i bhfoghlaim na n-amharcealaíon nach dtugtar eiseamláirí ar leith sa churaclam amharcealaíon den dóigh a bhféadfaí teanga agus na hamharcealaíona a chomhtháthú. Is meán don pháiste í teanga chun rudaí a ainmniú agus a rangú, chun idéanna a chur in iúl agus a leasú, chun ceisteanna agus hipitéisí a chumadh, chun tátail agus breithiúnais a chur i láthair agus chun eolas a rochtain agus a aisghabháil, agus trí fhorbairt a c(h)umas teanga sealbhaíonn an páiste stór focal chun na tascanna seo a chur i gcrích. Sa chaoi sin cabhraíonn teanga leis an bpáiste chun a c(h)uid idéanna a shoiléiriú agus chun scóip na tuisceana aige/aici a leathnú. San oideachas amharcealaíon bíonn teanga bunriachtanach don pháiste chun a c(h)uid idéanna a spreagadh agus chun go mbeadh cuimhne ghlé aige/aici ar eispéiris agus é/í ag iarraidh iad a chur in iúl in amharcfhoirm. Ina theannta sin, is cuid dhílis d'fhorbairt an pháiste san ealaín é go mbeadh sé/sí in ann ealaín a phlé. Mar sin, ní mór aire a dhíriú i gcónaí ar thábhacht teanga nuair a bhíonn an clár amharcealaíon á bheartú agus á chur i bhfeidhm.

## Measúnú

Ar nós na réimsí eile den churaclam, is gné bhunúsach den teagasc agus den fhoghlaim sna hamharcealaíona é measúnú. Sa roinn den leabhar seo a bhaineann le measúnú, rianaítear mar is féidir eispéireas foghlama páiste a shaibhriú agus faisnéis úsáideach a sholáthar do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaoine nach iad, trí raon de theicníochtaí measúnaithe a úsáid.

## Teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide

Is féidir feidhm a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide chun tuiscint agus eispéireas an pháiste ar ealaín a leathnú agus a mhéadú. Soláthraíonn ríomhchláir ealaíne atá bunaithe go daingean ar phrionsabail an oideachais amharcealaíon bealaí fóinteacha léirithe, cumarsáide agus deartha breise. Tá na dlúthdhioscaí a chuireann iarsmalanna agus dánlanna áirithe ar fáil thar a bheith úsáideach agus cuireann siad ar chumas an pháiste iniúchadh idirghníomhach a dhéanamh ar a gcnuasaigh; is féidir chomh maith cnuasaigh áirithe a rochtain ar an idirlíon. Tig le scoileanna a láithreáin ghréasáin féin a bhunú agus sa tslí seo is féidir leo eolas faoina ngníomhaíochtaí ealaíne a roinnt ar scoileanna eile. Tig leo cumarsáid a dhéanamh freisin tríd an ríomhphost.

# Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an churaclaim amharcealaíon ná

- cabhair a thabhairt don pháiste íogaireacht a fhorbairt don saol amhairc, spásúlach agus tadhaill agus soláthar d'eispéireas aeistéitiúil
- cabhair a thabhairt don pháiste chun idéanna, mothúcháin agus eispéireas a chur in iúl i bhfoirmeacha amhairc agus tadhaill
- a chinntiú go mbeidh eispéireas taitneamhach agus cuspóir cinnte leis ag an bpáiste ar mheáin dhifriúla ealaíne agus go mbeidh deiseanna aige/aici ábhair éagsúla a iniúchadh, a thástáil, a shamhlú, a dhearadh, a chumadh agus a chur in iúl
- tuiscint an pháiste ar an bpróiseas cruthaitheach a bhaineann le déanamh ealaíne déthoisí agus tríthoisí agus a f(h)reagairt phearsanta orthu a fhorbairt
- a chur ar chumas an pháiste na scileanna agus na teicníochtaí is gá le haghaidh léirithe, cumadóireachta agus leithlí a fhorbairt
- a chur ar chumas an pháiste an díocas agus an sásamh a ghabhann le cruthaitheacht agus le lánacmhainneacht a aimsiú trí ghníomhaíochtaí ealaíne a eispéiriú
- íogaireacht, taitneamh agus léirthuiscint i leith na n-amharcealaíon a chothú sa pháiste
- deiseanna a sholáthar don pháiste na gaolta a d'fhéadfadh bheith idir a s(h)aothar féin agus saothar ealaíontóirí agus ceardaithe a iniúchadh.

## Cuspóirí leathana

Agus cumais dhúchasacha agus tosca athraitheacha a chur san áireamh go cuí ba chóir go gcuirfeadh an curaclam amharcealaíon ar chumas an pháiste

- raon d'ábhair agus d'íomhánna idir choitianta agus neamhchoitianta sa timpeallacht a bhreathnú, taitneamh a bhaint astu agus freagairt phearsanta a dhéanamh orthu agus béim á leagan ar a dtréithe amhairc
- na cáilíochtaí a bhaineann le líne, cruth, dath agus ton, uigeacht, gréas agus rithim, eagar spásúlach agus tréith thríthoiseach fhoirme a iniúchadh agus tús a chur le híogaireacht a fhorbairt ina leith
- idéanna, mothúcháin agus eispéiris a léiriú in amharcfhoirm agus le samhlaíocht, le taitneamh agus le sásamh na gnóthachtála
- triail a bhaint as raon d'ábhair ealaíne, idir phinn luaidhe, chriáin, chailceanna, dhúigh, chré, *papier maché*, fhabraicí agus shnáithíní agus ábhair thógála, ar bhealaí spontáineacha samhlaíocha a bheadh ag éirí níos struchtúrtha de réir a chéile
- na féidearthachtaí le haghaidh deartha agus léirithe a bheadh ag na hábhair i raon de mheáin dhéthoiseacha agus thríthoiseacha a iniúchadh agus líníocht, péint agus dath, cré, tógáil, fabraic agus snáithín san áireamh
- scileanna agus teicníochtaí a léiríonn íogaireacht fhorásach do na hamharcealaíona a úsáid ina s(h)aothar
- saothar raon d'ealaíontóirí agus de cheardaithe a bhreathnú go fiosrach oscailte
- atmaisféar, ábhar agus tionchar i saothar ealaíontóirí agus ceardaithe a iniúchadh, go háirithe nuair a bhíonn siad gaolmhar lena s(h)aothar féin
- raon de mheáin éagsúla amharcealaíon a aithint agus cur síos a dhéanamh ar roinnt de na próisis chruthaitheacha a bhíonn i gceist iontu
- cumas a fhorbairt chun na gnéithe is tábhachtaí, dar leis/léi, de phíosaí saothair a aithint agus a phlé, go háirithe nuair a bhíonn siad gaolmhar le saothar a bhíonn idir lámha aige/aici féin
- na gnéithe deartha is mó a thaitníonn leis/léi ina s(h)aothar féin nó i saothar páistí eile a phlé

- tús a chur leis an gcomhthéacs ina gcruthaítear saothar agus déantúsáin mhóra ealaíne chomh maith leis an gcultúr as a dtagann siad a thuiscint
- freagairt d'eispéireas amharcealaíon i slite samhlaíocha éagsúla
- teanga a thagann leis an ábhar a úsáid agus freagairt á déanamh ar eispéireas amharcealaíon.

# Ranganna naíonán

# Foramharc

ranganna naíonán

*Forbairt coincheap agus scileanna*

| | |
|---|---|
| Coincheapa | • Feasacht ar líne<br>• Feasacht ar chruth<br>• Feasacht ar fhoirm<br>• Feasacht ar dhath agus ar thon<br>• Feasacht ar uigeacht<br>• Feasacht ar ghréas agus ar rithim<br>• Feasacht ar spás |

*Díorthaíodh na coincheapa thuasluaite agus na scileanna a ghabhann leo ó na hamharcghnéithe agus déanfar iad a fhorbairt de réir mar a thugtar obair chun críche ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid a rianaítear thíos.*

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Líníocht | • Líníochtaí a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Péint agus dath | • Péinteáil<br>• Breathnú agus freagairt |
| Prionta | • Priontaí a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Cré | • Forbairt foirme i gcré<br>• Breathnú agus freagairt |
| Tógáil | • Tógálacha a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Fabraic agus snáithín | • Cruthú le fabraic agus le snáithín<br>• Breathnú agus freagairt |

# Pleanáil

## Struchtúr agus cur i láthair

Tá ábhar an churaclaim amharcealaíon do ranganna naíonán á chur i láthair in dhá roinn:

- roinn dar teideal 'Forbairt scileanna agus coincheap' a rianaíonn gnéithe na healaíne nach mór don pháiste a fhorbairt agus gníomhaíochtaí san oideachas amharcealaíon idir lámha aige/aici
- roinn ina bhfuil sé *shnáithe* agus gach snáithe acu ina mheán don amharcléiriú. Tá dhá shnáithaonad chomhghaolmhara i ngach ceann de na snáitheanna seo. Sa chéad shnáithaonad moltar raon de ghníomhaíochtaí dírithe ar ealaín a dhéanamh. Sa dara snáithaonad moltar gníomhaíochtaí a bhaineann le dearcadh ar an amharcthimpeallacht agus ar shaothar ealaíne maille le freagairt dóibh. Tá na gníomhaíochtaí sna snáithaonaid fite fuaite ina chéile agus, i dteannta a chéile, soláthraíonn siad an comhthéacs foghlama don ealaín. Ar fud na ranna a bhaineann le hábhar tugtar eiseamláirí agus taispeántar iad i gcló iodálach. Is moltaí iad seo agus níl sé i gceist go leanfaí iad mar dhualgas.

## Na snáitheanna do ranganna naíonán

Ag leibhéal na ranganna naíonán bainfidh an páiste taitneamh as ábhair spéisiúla a dhearcadh, a thadhall agus a phriocadh agus bainfidh sé/sí taitneamh as seomra ranga spreagúil ina mbeidh taispeántais dhathannacha agus ábhair le cruthanna spéisiúla agus le huigeacht spéisiúil ina measc. Ar dtús úsáidfear raon de mharcanna, línte agus chruthanna chun na rudaí ar a bhfuil sé/sí eolach nó a fheiceann sé/sí a chur in iúl. Trí chleachtadh agus trí úsáid a bhaint as raon d'uirlisí líníochta agus péinteála tiocfaidh líon siombailí chun cinn le haghaidh na rudaí sin ar mian leis/léi iad a amharcléiriú, mar shampla é/í féin, an teaghlach, na cairde, a b(h)aile agus imirt.

D'fhéadfadh nach mbeadh gaol ar bith idir an bealach a n-úsáideann an páiste dath agus cuma an ábhair nó na fíorach a phéinteálann sé/sí. Mar shampla, d'fhéadfadh gur dhath dearg a bheadh ar chat sa phéinteáil, agus níor chóir go gcuirfí isteach ar an bpróiseas seo. De réir a chéile foghlaimeoidh an páiste conas idirdhealú a dhéanamh idir dathanna geala agus dathanna dorcha agus conas gréas agus rithim a chruthú i líníocht agus i bpéinteáil. Beidh iniúchadh ar chruthanna simplí i gceist i ndéanamh priontaí agus bainfear feidhm as na teicníochtaí is simplí.

Bainfidh an páiste taitneamh as cré a thuargain agus a tharraingt agus dá thoradh sin aimseoidh sé/sí slite chun idéanna a léiriú i bhfoirm thríthoiseach. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála bheith ar scála mór uaireanta, chun cleachtadh a thabhairt don pháiste ar spás a chruthú agus a bheith istigh sa spás sin. Cuideoidh iniúchadh ar fhabraic agus ar shnáithín le tuiscint an pháiste ar dhath, ar ghréas agus ar uigeacht, mar shampla, a fhorbairt agus chun léargas a thabhairt ar struchtúr fabraicí. Saibhreofar an obair trí dheiseanna a sholáthar chun saothar ealaíne atá gaolmhar lena s(h)aothar féin a bhreathnú.

## Roghnú ábhair

Ba chóir go mbeadh an clár leathan comhchothrom agus go ndéanfaí é a phleanáil ar shlí a dheimheodh go mbeadh leanúnachas agus forchéimniú san obair agus go seachnófaí bearnaí suntasacha. Faoi mar a léirítear sna snáithaonaid, ba chóir go rachadh an páiste trí raon de ghníomhaíochtaí comhtháthaithe sna snáitheanna go léir i rith na tréimhse dhá bhliain.

## Nascadh agus comhtháthú

Léirítear deiseanna le haghaidh *nasctha* (.i. comhtháthú taobh istigh den churaclam amharcealaíon) agus *comhtháthaithe* (.i. comhtháthú traschuraclaim) ag deireadh gach snáithe. Is féidir *nascadh* a dhéanamh ar bhealaí mar seo:

- meáin éagsúla a úsáid chun coincheapa agus scileanna a fhorbairt—mar shampla eolas ar dhath a fhorbairt trí phéinteáil, trí phriontáil agus trí ghníomhaíochtaí le fabraic agus le snáithín
- gníomhaíochtaí a chleachtadh ina bhforbraítear téama trí fheidhm a bhaint as meáin éagsúla, mar shampla an téama 'mo chairde' a léirmhíniú i bpéinteáil, i bpriontáil, i gcré agus i gcolláis mheán measctha.

Ba chóir deiseanna le haghaidh *comhtháthaithe* (go háirithe le ceol, drámaíocht agus damhsa) a aithint nuair a bhíonn an clár amharcealaíon á phleanáil. Trí phleanáil chúramach cinnteofar go ndéanfar cúram ceart de chuspóirí amharcealaíon i ngníomhaíochtaí comhtháite.

# Forbairt coincheap agus scileanna do ranganna naíonán

*De thoradh snáithaonaid an churaclaim amharcealaíon a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

## Feasacht ar líne

- tosú ar a aithint go bhfuil tréithe éagsúla ag línte agus gur féidir iad a úsáid chun cruthanna a dhéanamh
- línte a úsáid chun gluaiseacht a chur in iúl
- tosú ar shaorlínte agus ar chruthanna a úsáid chun foirmeacha coitianta a léiriú

## Feasacht ar chruth

- tosú ar fheasacht ar thréithe crutha comhréidhe a fhorbairt
- cruthanna a bhfuil tréithe éagsúla acu a chumadh agus obair a dhéanamh leo

## Feasacht ar fhoirm

- airí tríthoiseach foirme agus foirm a aithint i rudaí

  *toirt i mbréagáin, in ainmhí, i liathróid, i mbosca, in a c(h)eann*

- cré a láimhsiú, a bhrath agus a oibriú agus tús a chur le hí a mhúnlú

## Feasacht ar dhath agus ar thon

- éirí íogaireach do dhath ina t(h)impeallacht
- bundathanna agus toin a aithint agus a mheascadh
- idirdhealú idir dathanna ar léir iad a bheith dorcha nó geal
- dath a úsáid go lánléiritheach

## Feasacht ar uigeacht

- tosú ar an ngaol idir mothú agus cuma rudaí a iniúchadh
- uigeacht a chruthú le hábhair agus le huirlisí éagsúla

## Feasacht ar ghréas agus ar rithim

- éirí feasach ar ghréas agus ar rithim ina (h)amharcthimpeallacht agus ina s(h)aothar trí línte éagsúla agus cruthanna éagsúla a úsáid arís agus arís eile

  *braonta báistí i locháinín, scamaill sa spéir, marcanna ar chloch, bríceadóireacht, ráillí, páirceanna*

## Feasacht ar spás

- éirí feasach ar an gcaoi a líonann daoine agus earraí spás
- struchtúir shimplí san amharcthimpeallacht a iniúchadh
- tús a chur le struchtúir bhunúsacha a dhéanamh

  *boscaí oscailte agus boscaí dúnta a chothromú ar a chéile.*

# Snáithe: Líníocht

## Snáithaonad Líníochtaí a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- turgnamh le marcanna a dhéanamh le huirlisí éagsúla líníochta ar raon de dhromchlaí

  *lúbarnach, smeartha, griothalach, criáin an-éadrom, an-dorcha, pinn luaidhe boga, cailceanna, páipéir uigeacha*

  *na féidearthachtaí chun marcanna a dhéanamh atá ag uirlisí líníochta ar ríomhaire a iniúchadh*

- líníochtaí bunaithe ar mhothúcháin a thabharfaí chun cuimhne go grinn, ar dhearbheispéireas, ar eispéireas samhlaíoch agus ar scéalta a dhéanamh

  *an baile agus súgradh*

  *brionglóidí agus tnútháin*

  *ócáidí speisialta*

- líne agus cruth mar a fheictear iad in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe a fhionnachtain agus a tharraingt agus a fhionnachtain gur féidir cruthanna a dhéanamh le línte

  *líne i gclocha, i nduilleoga, in iornaí snátha*

  *rud cuarach, mór, beag, simplí, rud a bhfuil corr dhíreach air, cruthanna casta*

- an gaol idir mothú agus cuma rudaí a iniúchadh

  *uigeacht in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe*

  *saghsanna áirithe uigeachta a léirmhíniú trí mharcanna agus chuimealtáin a dhéanamh.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar a bhfuil ag titim amach sa phictiúr*

  *na saghsanna éagsúla marcanna a rinneadh*

  *an taitneamh a bhain sé/sí as an líníocht a dhéanamh*

  *conas mar a d'oibrigh an t-ealaíontóir*

  *an mhionpháirt is mó a thaitníonn leis/léi féin.*

*Nascadh*

Péint agus dath: idéanna a léiriú trí mharcanna, ghréas, rithim agus uigeacht a dhéanamh

*Comhtháthú*

Ceol: luas agus dinimic a léirmhíniú (i líne); téamaí amhrán a léiriú

Drámaíocht: 'súgradh bunaithe ar iad féin a ghléasadh suas' a léirmhíniú (i líníocht)

# Snáithe: Péint agus dath

## Snáithaonad Péinteáil

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- feasacht ar dhath a fhorbairt trí thriail a bhaint as uirlisí líníochta éagsúla agus meáin éagsúla dathaithe

  *péint, pinn luaidhe agus criáin dhathannacha*

  *prionta, fabraic agus snáithín*

  *turgnamh le dathanna a mheascadh*

  *na féidearthachtaí datha atá ag uirlisí péintéireachta ar ríomhaire a iniúchadh*

- dath a úsáid chun mothúcháin a thabharfadh sé/sí chun cuimhne, eispéireas agus rudaí samhlaithe a léiriú

  *an baile agus súgradh*

  *brionglóidí agus tnútháin*

  *ócáidí speisialta*

- dath a fhionnachtain san amharcthimpeallacht chun íogaireacht do dhath a fhorbairt

  *tús a chur le dathanna átá níos gile agus níos dorcha ná a chéile a idirdhealú*

  *pictiúir a dhéanamh le dath amháin eile chomh maith le dubh agus bán*

- dath, gréas agus rithim a fhionnachtain i rudaí dathannacha

  *clocha, bláthanna, gearrthóga as irisí dathannacha, gearrthóga fabraice*

  *triail a bhaint as a ndathanna a mheaitseáil go simplí*

- an coibhneas idir mothú agus cuma rudaí a fhionnachtain

  *uigeacht in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe*

  *péint, scuaba agus earraí coitianta a dtiocfaí orthu a úsáid i slite éagsúla chun uigeacht a chruthú.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar a bhfuil ag tarlú sa phictiúr*

  *na dathanna a úsáideadh chun línte, cruthanna agus achair gheala agus achair dhorcha a chruthú*

  *mar a thaitin sé leis/léi iad a dhéanamh*

  *mar a bhain an t-ealaíontóir feidhm as dath*

  *an chuid den saothar is mó a thaitníonn leis/léi.*

*Nascadh*

Fabraic agus snáithín: feasacht ar dhath a fhorbairt

*Comhtháthú*

Damhsa: téamaí a iniúchadh trí ghluaiseacht a léirmhíniú (i bpéint agus i ndath)

# Snáithe: Prionta

## Snáithaonad Priontaí a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- turgnamh leis na torthaí ab fhéidir a bhaint amach trí phriontaí simplí a dhéanamh

  *le hearraí fuíll ag a bhfuil uigeacht nó cruthanna spéisiúla*

  *le dath amháin nó le dhá dhath chun béim a leagan ar uigeacht, ar chruth agus ar ghréas*

  *tosú ar na marcanna priontála a eagrú le cuspóir cinnte*

  *conas priontaí simplí a fhorbairt a thuilleadh fós a iniúchadh (m.sh. forphriontáil)*

- teicníochtaí éagsúla priontála a úsáid

  *priontaí éagsúla rilífeacha a dhéanamh*

  *trí rudaí uigeacha a bhrú isteach i leac chré*

  *trí a m(h)arcanna féin a dhéanamh sa chré*

  *le píosaí gearrtha nó stróicthe de pholaistiréin tanaí*

  *triail a bhaint as slite chun samplaí de phrionta nó phriontaí a athchóipeáil agus a chomhcheangal arís agus arís*

  *priontáil trí mhascadh*

  *achar de dhromchla clúdaithe le dúch a mhascadh le píosaí páipéir a gearradh nó a stróiceadh de réir a d(h)earadh féin*

  *ríomhthurgnaimh a dhéanamh le dath agus le cruth chun prionta a dhearadh.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- rudaí coitianta a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun cleachtadh a fháil ar chruth, ar uigeacht agus ar ghréas
- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus priontaí ealaíne déanta de chruthanna agus uigeacht shimplí a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos a dhéanamh ar an bprionta*

  *líne, cruth, uigeacht, gréas*

  *mar a thaitin sé leis/léi iad a dhéanamh*

  *mar a rinne an t-ealaíontóir iad*

  *an ghné den phrionta is mó a thaitníonn leis/léi*

- samplaí de phriontdhearadh coitianta simplí a bhreathnú agus a phlé

  *póstaeir, páipéar balla, fabraicí le dearadh athchóipeálta arís agus arís eile nó le dearadh de shaghas eile, ábhar pacála, páipéar beartán.*

*Nascadh*

Líníocht: feasacht ar chruth a fhorbairt trí líníocht

Péint agus dath: feasacht ar dhath a fhorbairt

*Comhtháthú*

Matamaitic: gréas a fhionnachtain i gcruth agus i ndath

# Snáithe: Cré

## Snáithaonad Forbairt foirme i gcré

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- buanna cré mar mheán le haghaidh léirithe shamhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain

  *liathróid bheag chré a fháisceadh, a tharraingt, a bhrú, a phriocadh agus a rolladh*

  *píosaí a shracadh as an gcré agus iad a chur le chéile arís*

  *tús a chur le hidirdhealú a dhéanamh idir cruthanna a luíonn go cothrom agus foirmeacha soladacha a sheasann gan tacaíocht*

  *foirmeacha éagsúla a dhéanamh i gcré*

  *ramhar, lúbach, stóinsithe, cnapach*

- foirm chré a dhéanamh agus a oibriú leis na méara chun rud a chur in iúl

  *créatúr samhailteach a dhéanamh de liathróid chré*

  *raon d'ainmhithe nó d'ainmhithe samhailteacha éagsúla a dhéanamh*

  *turgnamh le marcanna, le huigeacht agus le gréas a dhéanamh ar dhromchla*

  *na marcanna a rinneadh a phlé*

- píosaí meán measctha a chumadh i modh léiritheach nó i modh neamhléiritheach

  *cipíní, cipíní líreacáin, cleití nó cnaipí a bhrú isteach sa chré.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- rudaí le foirmeacha snítheacha a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé

  *foirmeacha nádúrtha a mhothú agus a láimhsiú (m.sh. clocha sleamhna, píosaí de ghéaga sleamhna crainn, torthaí oiriúnacha)*

- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus píosaí simplí potaireachta a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé

  *cur síos ar an bhfoirm chré*

  *na hábhair agus na huirlisí a úsáideadh*

  *mar a thaitin sé leis/léi an chré a láimhsiú*

  *mar a d'oibrigh an ceardaí leis an gcré, b'fhéidir*

  *an ghné den fhoirm chré is mó a thaitníonn leis/léi.*

*Nascadh*

Líníocht: tosú ar fheasacht ar fhoirm a fhorbairt trí líníocht

Tógáil: foirmeacha a fheictear i gcomhthéacs spásúlach a bhreathnú

*Comhtháthú*

Eolaíocht: Ábhair—Airíonna agus tréithe ábhar; Ag dearadh agus ag déanamh

# Snáithe: Tógáil

## Snáithaonad Tógálacha a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- airíonna agus tréithe ábhar a iniúchadh agus turgnamh leo i ndéanamh struchtúr

  *grúpáil, cothromú agus tógáil a dhéanamh le comhpháirteanna beaga agus le bréagáin thógála atá oiriúnach do shaorshúgradh*

  *na codanna is airde, is leithne agus is caoile den struchtúr a fhionnachtain*

  *an struchtúr a atheagrú*

- struchtúir shamhailteacha a dhéanamh

  *boscaí móra a chothromú ar a chéile chun struchtúr shamhlailteacha a dhéanamh*

  *mar a mhothódh bheith istigh sa struchtúr sin a léiriú trí líníocht nó trí phéinteáil*

  *boscaí agus píosaí polaistiréine a úsáid chun áitreabh samhailteach a dhéanamh*

  *raon teoranta dathanna a úsáid chun an déantúsán a phéinteáil agus béim a leagan ar dhath agus ar fhíordhath (lí)*

  *bréagán samhailteach a dhéanamh (m.sh. bosca mór a úsáid chun clogad spáis nó hata cóisire a dhéanamh)*

  *staibíl a dhéanamh chun líne agus cruth a iniúchadh i struchtúr.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- an leagan amach agus an chothromaíocht spásúlach i gcnuasaigh de rudaí agus i ngrianghraif de struchtúir nádúrtha nó de struchtúir a tógadh a bhreathnú, a iniúchadh agus a phlé

  *teach bábóige, foirgnimh bhréige, struchtúir a phreabann aníos de sciotán, neadacha éan, samhail d'fheirm, troscán simplí i seomra, tráidirí sceanra*

- struchtúir atá insroichte agus sa gharchomharsanacht, struchtúir amharcspreagúla agus raon de dhéantúsáin choitianta a bhreathnú agus a phlé

  *foirgneamh poiblí, foirgnimh fheirme*

  *líon na bpíosaí a úsáideadh chun bord, luascán nó maide corrach a dhéanamh a mheas*

- a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos a dhéanamh ar an struchtúr*

  *na hábhair agus na huirlisí a roghnaíodh*

  *mar a cuireadh na píosaí le chéile*

  *an ghné den saothar is mó a thaitníonn leis/léi.*

*Nascadh*

Líníocht: feasacht ar spásúlacht a fhorbairt trí líníocht

Cré: tuiscint ar dhoimhneacht spásúlach a fhionnachtain trí chré a fhoirmiú

*Comhtháthú*

Drámaíocht: struchtúr súgartha samhailteach a dhéanamh trí úsáid a bhaint as spás agus as earraí chun saol samhailteach a chruthú.

# Snáithe: Fabraic agus snáithín

## Snáithaonad — Cruthú le fabraic agus le snáithín

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- buanna fabraice agus snáithín mar mheáin le haghaidh léirithe shamhlaíoch a iniúchadh

  *turgnamh ar fhabraic fhí-oscailte (m.sh. heiseán)*

  *na torthaí is féidir a chruthú trí chordaí, ribíní agus choirníní móra éagsúla a chur leis a fhionnachtain*

  *mar a mhothaíonn raon d'ábhair a bhfuil uigeacht dhifriúil acu agus an chomparáid eatarthu nuair a chuirtear le chéile iad a fhionnachtain*

- colláisí simplí a dhéanamh

  *téama dathannach a fhorbairt ina cholláis shimplí d'fhabraicí, shnáithíní, choirníní agus chnaipí*

  *líníocht, ar thomhas nádúrtha, de/di féin nó de chréatúr samhailteach a ghléasadh*

  *colláis a dhéanamh leis an mbéim ar uigeacht*

  *colláis a dhéanamh leis an mbéim ar rithim (m.sh. uisce ag gluaiseacht go guairneánach a phlé)*

- culaithirt a chumadh

  *do phearsa shamhailteach.*

## Snáithaonad — Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- fabraicí agus snáithíní éagsúla a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar a gcáilíochtaí tadhaill, amhairc agus struchtúrtha

  *bog, clúmhach, garbh, righin, te, fuar*

  *dath agus gréas*

  *fite go mín nó go tiubh*

  *cuirtíní, tuáillí, ceirteanna soithí, éadach, rópaí déanta de shnáithíní nádúrtha nó de shnáithíní sintéiseacha*

- a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an déantúsán*

  *na dathanna a úsáideadh chun uigeacht, cruthanna agus gréasa a chruthú*

  *mar a thaitin sé leis/léi an déantúsán a dhéanamh*

  *an rud faoin déantúsán is mó a thaitníonn leis/léi.*

*Nascadh*

Líníocht: feasacht ar uigeacht a fhorbairt

Péint agus dath: feasacht ar dhath a fhorbairt

Tógáil: mar is féidir ábhair a úsáid le haghaidh tógála a fhionnachtain

*Comhtháthú*

Drámaíocht: culaithirt a chumadh do dhráma nó do charachtar a iniúchadh trí dhrámaíocht

Eolaíocht: Ábhair—Airíonna agus tréithe ábhar; Ag dearadh agus ag déanamh

# Ranganna 1 agus 2

# Foramharc

ranganna 1 agus 2

*Forbairt coincheap agus scileanna*

## Coincheapa

- Feasacht ar líne
- Feasacht ar chruth
- Feasacht ar fhoirm
- Feasacht ar dhath agus ar thon
- Feasacht ar uigeacht
- Feasacht ar ghréas agus ar rithim
- Feasacht ar spás

*Díorthaíodh na coincheapa thuasluaite agus na scileanna a ghabhann leo ó na hamharcghnéithe agus déanfar iad a fhorbairt de réir mar a dhéanfar obair ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid a rianaítear thíos.*

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Líníocht | • Líníochtaí a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Péint agus dath | • Péinteáil<br>• Breathnú agus freagairt |
| Prionta | • Priontaí a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Cré | • Forbairt foirme i gcré<br>• Breathnú agus freagairt |
| Tógáil | • Tógálacha a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Fabraic agus snáithín | • Cruthú le fabraic agus le snáithín<br>• Breathnú agus freagairt |

# Pleanáil

## Struchtúr agus cur i láthair

Tá ábhar an churaclaim amharcealaíon do ranganna 1 agus 2 á chur i láthair in dhá roinn:

- roinn dar teideal 'Forbairt scileanna agus coincheap' a rianaíonn gnéithe na healaíne nach mór don pháiste a fhorbairt agus gníomhaíochtaí san oideachas amharcealaíon idir lámha aige/aici
- roinn ina bhfuil sé *shnáithe* agus gach snáithe acu ina mheán don amharcléiriú. Tá dhá shnáithaonad chomhghaolmhara i ngach ceann de na snáitheanna seo. Sa chéad shnáithaonad moltar raon de ghíomhaíochtaí atá dírithe ar ealaín a dhéanamh. Sa dara snáithaonad moltar gníomhaíochtaí a bhaineann le dearcadh ar an amharcthimpeallacht agus ar shaothar ealaíne maille le freagairt dóibh. Tá na gníomhaíochtaí sna snáithaonaid fite fuaite ina chéile, agus i dteannta a chéile soláthraíonn siad an comhthéacs foghlama don ealaín. Ar fud na ranna a bhaineann le hábhar tugtar eiseamláirí agus taispeántar iad i gcló iodálach. Is moltaí iad seo agus níl sé i gceist go leanfaí iad mar dhualgas.

## Na snáitheanna do ranganna 1 agus 2

Ag leibhéal ranganna 1 agus 2 bainfidh an páiste taitneamh as dearcadh ar ábhair sa timpeallacht ar bhealach níos fócasaithe agus déanfaidh sé/sí a bhfeiceann sé/sí a léirmhíniú i slí níos léirithí. Ina líníochtaí agus ina p(h)ictiúir léireofar breis tuisceana ar an dóigh a bhfuil spás eagartha agus cumas éigin chun daoine ag gníomhú a chur in iúl. Tabharfar íogaireacht bhreise maidir le miondifríochtaí datha faoi deara i gcumas an pháiste dathanna agus toin a idirdhealú agus fosta ina c(h)umas dathanna comhchuí agus dathanna comhlántacha a aithint. Cuimseoidh priontáil iniúchadh crutha, claonchrutha agus raoin níos leithne de dhathanna. Tosófar ag úsáid teicníochtaí nua, mar shampla déanamh stionsal agus dathú ar pháipéar gréiscdhíonach.

Déanfaidh an páiste cré a mhúnlú le breis tuisceana agus féinmhuiníne agus cumfaidh sé/sí nithe simplí. Spreagfaidh gníomhaíochtaí tógála an páiste chun smaoineamh mar a réitíonn codanna struchtúir leis an iomlán agus chun struchtúir le níos mó ná spás amháin iontu a chruthú. Beidh an obair ar fhabraic agus ar shnáithín níos struchtúrtha fós agus tabharfaidh sí deiseanna don pháiste chun fite agus fuála agus chun deilbh bhoga agus puipéid a chruthú. Saibhreofar an obair má thugtar deis don pháiste an chaoi a léiríonn ealaíontóirí idéanna atá gaolmhar lena (h)iarrachtaí féin a fheiceáil.

## Roghnú ábhair

Ba chóir go mbeadh an clár leathan comhchothrom agus go ndéanfaí é a phleanáil ar shlí a dheimhneodh go mbeadh leanúnachas agus forchéimniú san obair agus go seachnófaí bearnaí suntasacha. Faoi mar a léirítear sna snáithaonaid, ba chóir go rachadh an páiste trí raon de ghníomhaíochtaí comhtháite sna snáitheanna go léir i rith na tréimhse dhá bhliain.

## Nascadh agus comhtháthú

Léirítear deiseanna le haghaidh *nasctha* (.i. comhtháthú taobh istigh den churaclam amharcealaíon) agus *comhtháthaithe* (.i. comhtháthú traschuraclaim) ag deireadh gach snáithe. Is féidir *nascadh* a dhéanamh ar bhealaí mar seo:

- meáin éagsúla a úsáid chun coincheapa agus scileanna a fhorbairt, mar shampla eolas ar dhath a fhorbairt trí phéinteáil, trí phriontáil agus trí ghníomhaíochtaí le fabraic agus le snáithín
- gníomhaíochtaí a chleachtadh ina bhforbraítear téama trí fheidhm a bhaint as meáin éagsúla, mar shampla ábhair thógála, cré, fabraic agus snáithín, péint nó páipéar daite a úsáid chun téama mar 'tá mé féin agus mo chara ag súgradh lenár mbréagáin' a léiriú.

Ba chóir deiseanna le haghaidh *comhtháthaithe* (go háirithe le ceol, drámaíocht agus damhsa) a aithint nuair a bhíonn an clár amharcealaíon á phleanáil. Trí phleanáil chúramach cinnteofar go ndéanfar cúram ceart de chuspóirí amharcealaíon sna gníomhaíochtaí comhtháite.

# Forbairt coincheap agus scileanna do ranganna 1 agus 2

*De thoradh snáithaonaid an churaclaim amharcealaíon a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

## Feasacht ar líne

- a aithint go mbaineann cáilíochtaí éagsúla le línte agus gur féidir iad a úsáid chun cruthanna, uigeacht, gréasa agus gluaiseacht a léiriú
- breathnú go grinn ar cháilíochtaí líneacha nithe sa timpeallacht
- siombailí pearsanta (scéimre) a fhorbairt chun amharcléiriú a dhéanamh ar fhíoracha agus ar nithe coitianta

## Feasacht ar chruth

- éirí íogaireach do chruth san amharcthimpeallacht
- éirí feasach ar chruth imlíneach agus ar scáthchruthanna
- cruthanna a chumadh agus turgnamh leo i bpíosaí ealaíne

  *i gcolláis, i bprionta, i líníocht agus i bpéintéireacht*

## Feasacht ar fhoirm

- éirí feasach ar thréith thríthoiseach fhoirme san amharcthimpeallacht

  *toirt i gcloch, in ainmhí, i liathróid, i mbosca, i mbabhla agus i mbréagán*
- coibhneasa na gcodanna agus na foirme iomláine lena chéile a iniúchadh

  *turgnaimh a dhéanamh ar chothromaíocht*

  *tuiscint ar fhoirm a léiriú i gcré*

## Feasacht ar dhath agus ar thon

- íogaireacht do dhath san amharcthimpeallacht a fhorbairt
- tosú ar dhathanna a anailísiú agus a mheascadh agus cuspóir cinnte a bheith leis
- idirdhealú a dhéanamh idir ton agus lí (fíordhath)
- lí agus ton a úsáid chun aontacht agus treise a chruthú i bpíosaí ealaíne

  *toin den dath amháin a úsáid chun torthaí a chruthú*

## Feasacht ar uigeacht

- an coibhneas idir mothú agus cuma rudaí a iniúchadh
- raon d'ábhair agus d'uirlisí a úsáid chun éagsúlacht uigeachta a chruthú ar dhromchla

## Feasacht ar ghréas agus ar rithim

- gréas a aithint san amharcthimpeallacht

  *poigheacháin seilide, scamaill, duilleoga, crotal ar bhalla, bláthanna, bríceadóireacht, ráillí, páirceanna, ollphuball sorcais*

- éirí feasach ar athchóipeáil agus athrú ina s(h)aothar féin agus i saothar daoine eile

  *i líne, i gcruth, i ndath, i bhfoirm*

## Feasacht ar spás

- feasacht a fhorbairt go líonann daoine agus earraí spás
- tosú ar choibhneasa idir earraí agus fíoracha i líníochtaí agus i bpictiúir chomh maith le tuiscint éigin do scála a léiriú

  *cuma níos lú a bheith ar na rudaí is faide i gcéin trí iad a chur ar leibhéal níos airde ar an leathanach*

- tosú ar thuiscint phraiticiúil ar struchtúr a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí tógála.

# Snáithe: Líníocht

## Snáithaonad Líníochtaí a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- triail a bhaint as marcanna, as línte, as cruthanna, as uigeacht agus as toin a dhéanamh le huirlisí éagsúla líníochta ar raon de dhromchlaí

  *de réir mar is cuí, líne, ton, uigeacht, gréas a léirmhíniú trí chriáin, phinn luaidhe boga, ghualach, chailceanna, pháipéir uigeacha agus fhabraicí a úsáid*

  *ríomhchlár ealaíne a úsáid chun triail a dhéanamh le marcanna, línte, cruthanna, gréasa agus rithim*

- líníochtaí bunaithe ar a s(h)aol pearsanta nó ar a s(h)aol samhlaíoch a dhéanamh agus tuiscint fhorásach ar choibhneasa spásúlacha a léiriú iontu

  *cairde ag scipeáil, ag imirt liathróide, ag rith sa chlós*

  *téamaí samhalta bunaithe ar fhantaisíocht agus ar dhraíocht*

- iniúchadh a dhéanamh ar chruth in ábhair nádúrtha agus in ábhair shaothraithe agus bheith feasach ar chruth na scáileanna a dhéanann rudaí

  *líníochtaí d'imlínte rudaí simplí a dhéanamh*

  *cruthanna rudaí agus a scáileanna a tharraingt*

- líníocht bunaithe ar bhreathnadóireacht a dhéanamh

  *raon d'earraí nádúrtha agus d'earraí saothraithe*

  *(m.sh. crann, duilleog, bláth, toradh, glasra, rudaí grúpáilte ar sheilfeanna nó ar bhoird taispeána)*

  *páiste eile sa rang.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar a bhfuil ag titim amach sa líníocht*

  *línte, cruthanna, uigeacht, gréasa agus toin a cruthaíodh agus a eagraíodh chun an líníocht a dhéanamh*

  *mar a úsáideadh ábhair agus uirlisí agus na torthaí a cruthaíodh*

  *an idé a bhí i gceist*

  *an ghné den líníocht is mó a thaitníonn leis/léi.*

*Nascadh*

Prionta: líne, cruth agus gréas a eagrú i bpriontdhearadh

Tógáil: a fhionnachtain mar a athraítear líníocht dhéthoiseach chun réad tríthoiseach a chumadh

Fabraic agus snáithín: tuiscint ar líne, ar chruth agus ar uigecht a fhorbairt

D'fhéadfaí na naisc thuasluaite, agus cinn eile fós, a fhorbairt mar ghníomhaíochtaí meán measctha. Is féidir feidhm a bhaint as cur chuige meán measctha laistigh de na snáitheanna freisin.

*Comhtháthú*

Ceol: gréasa simplí rithimeacha a léirmhíniú (i líníocht); téamaí as amhráin a léirmhíniú

Damhsa: téamaí a iniúchadh trí ghluaiseacht a léirmhíniú i líníocht

# Snáithe: Péint agus dath

## Snáithaonad Péinteáil

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- dath a iniúchadh le raon d'ábhair agus de mheáin

  *péint, criáin, cailceanna, pinn luaidhe daite, pinn le bioranna feilte nó snáithín*

  *prionta, colláis, fabraic agus snáithín*

  *ríomhchlár ealaíne a úsáid chun triail a bhaint as dath agus chun íomhánna a chumadh*

- téamaí bunaithe ar a s(h)aol pearsanta nó ar a s(h)aol samhlaíoch a léirmhíniú trí dhath a úsáid go lánléiritheach

  *ócáidí ar leith roghnaithe as scéalta, as dánta, as amhráin agus as ceol*

  *cad a d'fhéadfadh tarlú sa scéal ansin*

- ábhair, a roghnófaí i ngeall ar na féidearthachtaí datha a bhainfeadh leo, a phéinteáil

  *bláthanna agus ábhair eile ón mbord dúlra*

  *bréagáin le sonraí cúlra samhailteacha*

- dath a fhionnachtain san amharcthimpeallacht agus bheith íogaireach d'athruithe toin idir geal agus dubh agus d'athruithe i bhfíordhath (lí)

  *dath agus ton a aithint trí théamaí a roghnaítear i ngeall ar a bhféidearthachtaí datha (m.sh. spéir ghrianmhar/stoirmiúil)*

- chomhréiteach agus codarsnacht a aithint in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe agus trí théamaí a roghnófaí i ngeall ar a bhféidearthachtaí datha

  *gnéithe a dhuaithníonn ina dtimpeallacht agus iad sin nach nduaithníonn*

  *cluichí datha agus crutha bunaithe ar dhuaithníocht*

- dath, gréas agus rithim a fhionnachtain in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe agus iad a léirmhíniú ina c(h)uid oibre

  *dathanna comhlántacha a úsáid arís agus arís eile chun éagsúlacht bhreise a chur lena c(h)uid oibre*

- an coibhneas idir mothú agus cuma rudaí a iniúchadh

  *uigeacht in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe*

  *garbh, réidh, cnapánach, biorach, clúmhach*

  *roinnt díobh seo a léiriú i ndath agus i dton*

  *uigeacht uachtair agus uigeacht chraptha a chruthú.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- breathnú ar a s(h)aothar féin, ar shaothar páistí eile agus ar shaothar ealaíontóirí agus iad a phlé

  *cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú sa phictiúr*

  *na dathanna agus na toin a roghnaíodh*

  *na línte, na cruthanna, na fabraicí agus na gréasa a cruthaíodh*

  *an chaoi a n-eagraítear iad sa phictiúr*

  *an tslí inar úsáideadh dath agus na torthaí a cruthaíodh*

  *cad a bhí i gceist aige/aici féin nó ag an ealaíontóir a léiriú*

  *an rud is mó a thaitníonn leis/léi sa phictiúr.*

*Nascadh*

Líníocht: gréas, rithim agus uigeacht a léirmhíniú i líníocht

Prionta: uigeacht, cruth, claonchruth agus gréas a chruthú

Fabraic agus snáithín: feasacht ar dhath a fhorbairt agus maisíochtaí dathannacha a chruthú

*Comhtháthú*

Ceol: a f(h)reagairt do scéal a insítear os ard a léirmhíniú (i bpéint agus i ndath)

Stair: téamaí as scéalta a léirmhíniú i bpéint agus i ndath

# Snáithe: Prionta

## Snáithaonad Priontaí a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- triail a bhaint as teicníochtaí simplí priontála a úsáid chun torthaí a bhaint amach

  *le hearraí fuíll a bhfuil uigeacht nó cruthanna spéisiúla orthu*

  *cuimilteáin de choirt chrainn nó d'fhabraicí a dhéanamh*

  *raon teoranta de dhathanna a úsáid chun díriú ar uigeacht, ar chruth, ar chlaonchruth agus ar ghréas*

  *a fháil amach mar a d'fhéadfaí priontaí simplí a fhorbairt a thuilleadh trí fhorphriontáil orthu le dathanna i gcodarsnacht leo agus leis na cruthanna céanna nó le cruthanna i gcodarsnacht leo*

- raon de theicníochtaí priontála a úsáid chun priontaí bunaithe ar théama nó priontaí neamhléiritheacha a dhéanamh

  *raon de phriontaí rilífeacha éagsúla a dhéanamh*

  *feidhm a bhaint as dath amháin nó as níos mó ná dath amháin agus bloc priontála rilífe á chumadh*

  *dearadh le haghaidh prionta a chruthú trí línte tiubha agus línte tanaí a tharraingt ar leac chré*

  *priontáil le mascadh*

  *achair de dhromchla clúdaithe le dúch, ónar tógadh priontaí cheana, a mhascadh*

  *stionsail a dhéanamh*

  *péint a spré nó a leathadh le spúinse ar stionsail a gearradh de réir gréasa a chum an páiste féin*

  *pictiúir a dhéanamh ar pháipéar gréiscdhíonach*

  *péinteáil le spúinse anuas ar dhearadh criáin chéarach nó coinnle*

  *priontaí inaistrithe a dhéanamh trí chriáin chéarach a úsáid*

  *criáin chéarach ar dhathanna éagsúla a úsáid chun bloc priontála daite a dhéanamh*

  *ríomhchlár ealaíne a úsáid chun roinnt dearthaí pléasctha a dhéanamh.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- rudaí coitianta a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar uigeacht, ar chruth agus ar ghréas
- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus priontaí ealaíne le cruthanna, le huigeacht agus le gréas réasúnta simplí orthu a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an bprionta*

  *líne, cruth, dath agus ton, uigeacht, gréas agus mar a chomhcheanglaíonn siad le chéile*

  *mar a úsáideadh ábhair agus uirlisí chun torthaí a bhaint amach*

  *na gnéithe den phrionta a thaitníonn leis/léi*

  *roinnt priontaí a bhreathnú chun teicníochtaí priontála a imscrúdú (m.sh. liotagraf a chur i gcomparáid lena p(h)ictiúr féin ar pháipéar gréiscdhíonach).*

*Nascadh*

Líníocht: líne, cruth agus gréas i líníocht a léirmhíniú

Péint agus dath: tuiscint do ghréas agus do rithim a fhorbairt

*Comhtháthú*

Matamaitic: feasacht ar chruth dhéthoiseach a fhorbairt

## Snáithaonad Forbairt foirme i gcré

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- buanna cré mar mheán le haghaidh léirithe shamhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain

  *liathróid bheag chré a fháisceadh, a tharraingt, a bhrú, a phriocadh agus a rolladh*

  *píosaí a tharraingt as an gcré agus iad a chur le chéile arís chun foirmeacha a dhéanamh leo a bheadh éagsúil ó thaobh méid agus a mbeadh comhrianta simplí snite orthu*

- an meán a úsáid go lánléiritheach agus foirm liathróide bige cré á hathrú

  *ainmhithe nó éin, réalaíocha nó samhailteacha, a dhéanamh agus iad a chríochnú le huigeacht dromchla nó le maisíochtaí greanta*

  *dealbha urrúnta cré bunaithe ar scéalta, ar dhánta, ar amhráin, ar cheol agus ar dhrámaíocht a dhéanamh*

- oibriú go cruthaitheach le bloic chiúbacha nó dhronuilleacha chré agus mionrudaí a chur leo chun struchtúr daingean a chur in iúl

  *teach a dhearadh agus a dhéanamh*

  *cnuasach d'fhoirgnimh éagsúla a dhearadh agus a dhéanamh chun baile mór a chur in iúl*

- potaireacht shimplí a dhéanamh

  *pota méaraithe nó pota cornánach a dhearadh agus a dhéanamh*

  *é a chríochnú le maisíocht ghreanta nó péint agus vearnais a chur air nuair a bheadh sé tirim*

- líne, cruth, uigeacht agus gréas a thástáil agus a fhorbairt i gcré

  *leaca cré a mhaisiú le gréasa de chornaí agus millíní beaga cré*

  *tástáil a dhéanamh le maisíochtaí uigeacha*

  *obair a dhéanamh i rilíf íseal ar leaca beaga tiubha cré.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- earraí nadúrtha nó earraí saothraithe a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar fhoirm thríthoiseach

  *púróga, sliogáin, buaircíní giúise, bréagáin bhoga mhúnlaithe nó shnoite, potaireacht shimplí*

- breathnú ar a s(h)aothar féin, ar shaothar páistí eile agus ar dhealbha a chum dealbhóirí cáiliúla a raibh stíleanna difriúla acu (nó sleamhnáin nó priontaí) agus iad a phlé

  *cur síos ar an bhfoirm*

  *mar a mhothaigh sé bheith ag obair le cré*

  *an tslí inar oibrigh an dealbhóir*

  *an idé a bhí i gceist aige/aici féin nó ag an dealbhóir a chur in iúl*

  *an ghné den saothar is mó a thaitníonn leis/léi.*

*Nascadh agus comhtháthú*

Líníocht: feasacht ar fhoirm a fhorbairt trí líníocht

*Comhtháthú*

Drámaíocht: carachtair drámaíochta a bhfuil stáidéar déanta orthu a léirmhíniú mar fhíoracha urrúnta cré

# Snáithe: Tógáil

## Snáithaonad Struchtúir a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- airíonna agus tréithe ábhar a iniúchadh agus a thástáil i ndéanamh struchtúr

  *grúpáil, cothromú agus tógáil a dhéanamh le comhpháirteanna réasúnta beag agus le bréagáin tógála atá oiriúnach le haghaidh súgartha*

  *mar a chuidíonn ábhair áirithe le foirmeacha a chruthú nó a chur in iúl*

  *mar a bhaintear struchtúr agus cothromaíocht amach*

  *mar a chruthaítear na himlínte agus na spásanna éagsúla*

  *mar a réitíonn na codanna éagsúla leis an iomlán*

  *mar is féidir ábhair a nascadh le chéile*

  *mar a chuireann ábhair áirithe le dath, le gréas, le huigeacht, agus le spéis*

- struchtúir shamhalta a dhéanamh

  *coimpléasc samhalta a dhéanamh le raon mór spásanna inti agus a bhféadfaí úsáid airgtheach a bhaint aisti (m.sh. caisleán)*

  *struchtúr samhalta, agus é roinnt casta ó thaobh leagan amach spásanna de, a chruthú (m.sh. láithreán mionamharclainne)*

  *fuíollábhar a úsáid chun bréagán samhalta a dhearadh (m.sh. róbat, bréagán fantaiseach).*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- cnuasaigh nó grianghraif de struchtúir nádúrtha nó de struchtúir thógtha a bhreathnú agus socruithe spásúlacha, cothromaíocht, imlíne agus an coibhneas idir na spásanna a cruthaíodh agus an t-iomlán a imscrúdú

  *gnáthóga ainmhithe tocailteacha, túir*

- a s(h)aothar fein agus saothar páistí eile a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an struchtúr*

  *na hábhair agus na huirlisí a roghnaíodh agus roghanna eile ab fhéidir a dhéanamh*

  *mar a eagraíodh na spásanna*

  *mar a baineadh amach cothromaíocht*

  *an idé a bhí in aigne aige/aici a léiriú*

  *an ghné den obair is mó a thaitníonn leis/léi*

- coimpléasc áitiúil, foirgneamh cáiliúil agus lámhdhéantúsáin amharcspreagúla (nó sleamhnáin nó priontaí díobh) a bhreathnú agus a phlé

  *lárionad siopadóireachta, scioból feirme, an scoil, caisleán, bréagáin, innill, troscán áit súgartha.*

*Nascadh*

Líníocht: feasacht ar spásúlacht a fhorbairt i líníochtaí

Péint agus dath: mar is féidir le dath cur le spéisiúlacht struchtúr a fhionnachtain

Cré: feasacht a fhorbairt go bhfuil earraí soladach agus go líonann siad spás

*Comhtháthú*

Drámaíocht: láithreán mionamharclainne a dhéanamh

Eolaíocht: Ábhair—Airíonna agus tréithe ábhar: Ag dearadh agus ag déanamh

# Snáithe: Fabraic agus snáithín

## Snáithaonad Cruthú le fabraic agus le snáithín

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- buanna fabraice agus snáithín mar mheáin le haghaidh léirithe shamhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain

    *triail a bhaint as fabraic fhí-oscailte (m.sh. heiseán) a athrú*

        *roinnt snáithíní a bhaint as sa dá threo*

        *feidhm a bhaint as snáithíní i gcodarsnacht a chéile san fhíodóireacht*

        *rudaí maisiúla a fhí isteach*

    *greamanna fuála a chumadh agus a phlé*

    *mar a mhothaíonn saghsanna éagsúla uigeachta a fhionnachtain agus a phlé; an chomparáid a bhíonn eatarthu nuair a chuirtear le chéile iad a phlé*

- fabraic agus snáithín a úsáid chun píosaí beaga airgtheacha a dhéanamh

    *colláis nó appliqué neamhléiritheach nó ceann bunaithe ar théama a dhearadh agus a dhéanamh*

        *feasacht ar dhath, ar uigeacht agus ar chruth a fhorbairt*

        *aire ar leith a dhíriú ar na cruthanna a chruthaítear, ar na cruthanna idir na cruthanna seo agus cé acu an bhforluíonn cuid acu ar a chéile nó nach bhforluíonn, agus na pointí seo a phlé*

    *píosa beag fabraice a mhaisiú le greamanna agus le maisíochtaí eile*

        *líne, gréas, dath agus uigeacht a chruthú*

        *roinnt de na cruthanna a rinneadh a líonadh isteach chun torthaí dathannacha nó uigeacha a chruthú*

    *dealbha boga nó puipéid a dhearadh agus a dhéanamh*

        *seanéadaí a úsáid*

    *píosaí beaga ar leith a fhí*

        *torthaí dathannacha nó uigeacha a chruthú*

- culaithirt a chumadh

    *ag baint feidhme as seanéadaí*

    *clóca draíochta a chruthú trí stiallanna móra fabraice a fhuáil, a lásáil nó a cheangal le chéile le bioráin.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- fabraicí agus snáithíní éagsúla a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar a gcáilíochtaí tadhaill, amhairc agus spásúlachta

  *bog, clúmhach, garbh, righin, te, fuar, fite go tiubh nó go mín*

  *dath agus gréas*

  *cáilíochtaí clúdaithe agus infhillte*

- a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an saothar*

  *na dathanna, na saghsanna uigeachta, na gréasa agus na maisíochtaí a cruthaíodh*

  *an idé a bhí in aigne aige/aici*

  *an ghné den saothar is mó a thaitníonn leis/léi*

- fabraicí agus lámhdhéantúsáin ealaíne ón gceardaí a bhreathnú agus a phlé agus cuairt a thabhairt ar cheardaí i mbun oibre, más féidir.

*Nascadh*

Líníocht: feasacht ar ghréas agus ar uigeacht a fhorbairt

Péint agus dath: feasacht ar dhath a fhorbairt

Tógáil: tús á chur le tuiscint phraiticiúil a fhorbairt ar struchtúr,

m.sh. i gculaithirt nó seodra

*Comhtháthú*

Drámaíocht: radharcra a dhéanamh d'amharclann bheag

Eolaíocht: Ábhair—Airíonna agus tréithe ábhar; Ag dearadh agus ag déanamh

Stair: pearsana i scéalta agus i ndánta a léiriú mar phuipéid nó i gculaithirt

# Ranganna 3 agus 4

# Foramharc

ranganna 3 agus 4

*Forbairt coincheap agus scileanna*

## Coincheapa

- Feasacht ar líne
- Feasacht ar chruth
- Feasacht ar fhoirm
- Feasacht ar dhath agus ar thon
- Feasacht ar uigeacht
- Feasacht ar ghréas agus ar rithim
- Feasacht ar spás

*Díorthaíodh na coincheapa thuasluaite agus na coincheapa a ghabhann leo ó na hamharcghnéithe agus déanfar iad a fhorbairt de réir mar a dhéanfar obair ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid a rianaítear thíos.*

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Líníocht | • Líníochtaí a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Péint agus dath | • Péinteáil<br>• Breathnú agus freagairt |
| Prionta | • Priontaí a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Cré | • Forbairt foirme i gcré<br>• Breathnú agus freagairt |
| Tógáil | • Tógálacha a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Fabraic agus snáithín | • Cruthú le fabraic agus le snáithín<br>• Breathnú agus freagairt |

# Pleanáil



## Struchtúr agus cur i láthair

Tá ábhar an churaclaim amharcealaíon do ranganna 3 agus 4 á chur i láthair in dhá roinn:

- roinn dar teideal 'Forbairt scileanna agus coincheap' a rianaíonn gnéithe na healaíne nach mór don pháiste a fhorbairt agus gníomhaíochtaí san oideachas amharcealaíon idir lámha aige/aici
- roinn ina bhfuil sé *shnáithe* agus gach snáithe acu ina mheán don amharcléiriú. Tá dhá shnáithaonad chomhghaolmhara i ngach ceann de na snáitheanna seo. Sa chéad shnáithaonad moltar raon de ghníomhaíochtaí atá dírithe ar ealaín a dhéanamh. Sa dara snáithaonad moltar gníomhaíochtaí a bhaineann le dearcadh ar an amharcthimpeallacht agus ar shaothar ealaíne maille le freagairt dóibh. Tá na gníomhaíochtaí sna snáithaonaid fite fuaite ina chéile, agus i dteannta a chéile soláthraíonn siad an comhthéacs foghlama don ealaín. Ar fud na ranna a bhaineann le hábhar tugtar eiseamláirí agus taispeántar iad i gcló iodálach. Is moltaí iad seo agus níl sé i gceist go leanfaí iad mar dhualgas.

## Na snáitheanna do ranganna 3 agus 4

Léireoidh páiste i ranganna 3 agus 4 mionsonraí breise maille le breis tuisceana ar chomhthéacs ina c(h)uid líníochta agus péinteála. Bainfidh sé/sí taitneamh as líníocht agus péinteáil a dhéanamh de thoradh breathnuithe ar earraí mar nithe neamhbheo, radhairc ar an timpeallacht nó páiste eile sa rang. Úsáidfear seifteanna mar rádalú chun doimhneacht spásúlach a chur in iúl ar leathanach.

Bainfidh an páiste taitneamh as dathanna agus toin níos coimpléascaí a mheascadh agus aithneoidh sé/sí dathanna, idir dhathanna teolaí agus dhathanna fionnuara agus bainfidh sé/sí triail astu, agus as dathanna comhlántacha, ar mhaithe leis na torthaí a chruthaíonn siad. Bainfear úsáid as raon de theicníochtaí priontála, monaiphriontáil ina measc, agus déanfar priontaí lena n-úsáid go feidhmiúil agus ar a son féin chomh maith.

Bainfidh an páiste taitneamh as potaí agus deilbh a dhéanamh le cré agus iad a mhaisiú agus as obair i rilíf íseal a dhéanamh. Beidh deiseanna aige/aici freisin maisc *papier maché* a dhéanamh. Beidh pleanáil agus déanamh coimpléasc le spásanna inti lena n-úsáid in iliomad bealaí mar ghné de na gníomhaíochtaí tógála. Beidh deiseanna ag an bpáiste dearadh a fhuáil ar *appliqué*, pictiúr balla a fhí nó bréagán bog fabraice agus snáithín a dhéanamh. Saibhreofar an obair trí dheiseanna a chur ar fáil don pháiste chun scrúdú a dhéanamh ar na slite ina léiríonn ealaíontóirí idéanna agus mar a réitíonn siad fadhbanna ar nós na gcinn a bhíonn aige/aici féin.

## Roghnú ábhair

Ba chóir go mbeadh an clár leathan comhchothrom agus go ndéanfaí an phleanáil ar shlí a dheimhneodh go mbeadh leanúnachas agus forchéimniú san obair agus go seachnófaí bearnaí suntasacha. Faoi mar a léirítear sna snáithaonaid ba chóir go rachadh an páiste trí raon de ghníomhaíochtaí comhtháite sna snáitheanna go léir i rith na tréimhse dhá bhliain.

## Nascadh agus comhtháthú

Léirítear deiseanna *nasctha* (.i. comhtháthú taobh istigh den churaclam amharcealaíon) agus *comhtháthaithe* (.i. comhtháthú traschuraclaim) ag deireadh gach snáithe. Is féidir *nascadh* a dhéanamh i mbealaí mar seo a leanas:

- meáin éagsúla a úsáid chun coincheapa agus scileanna a fhorbairt, mar shampla eolas ar dhath a fhorbairt trí phéinteáil, trí phriontáil agus trí obair le fabraic agus le snáithín
- gníomhaíochtaí a chleachtadh ina bhfhorbraítear téama trí fheidhm a bhaint as meáin éagsúla, mar shampla an téama 'ag feitheamh ag stad an bhus' a fhorbairt i líníochtaí, i bpictiúir nó i gcré agus i bpíosa le raon de mheáin chun fríos balla a chruthú.

Ba chóir deiseanna *comhtháthaithe* (go háirithe le ceol, le drámaíocht agus le damhsa) a aithint nuair a bhíonn an clár amharcealaíon á phleanáil. Trí phleanáil chúramach cinnteofar go ndéanfar cúram ceart de chuspóirí na n-amharcealaíon sna gníomhaíochtaí comhtháite.

# Forbairt coincheap agus scileanna do ranganna 3 agus 4

*De thoradh snáithaonaid an churaclaim amharcealaíon a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

## Feasacht ar líne

- a aithint go mbaineann tréithe éagsúla le línte agus gur féidir iad a úsáid chun cruthanna, uigeacht, gréasa, rithimí agus gluaiseacht a dhéanamh
- breathnú go grinn ar an amharcthimpeallacht agus í a léirmhíniú le híogaireacht bhreise d'uirlisí agus d'ábhair
- tosú ar thorthaí grinnbhreathnuithe ar aicsean a léiriú agus fíoracha á líniú agus á bpéinteáil aige/aici
- tosú ar sceitsí líneacha agus léaráidí a úsáid chun idéanna le haghaidh dearthaí a léireofaí i bhfoirm thríthoiseach a shoiléiriú

## Feasacht ar chruth

- bheith íogaireach do chruth agus do choibhneasa idir chruthanna san amharcthimpeallacht
- raon de thréithe crutha a chumadh agus triail a bhaint astu chun gluaiseacht, cothromaíocht, contrárthacht, treise nó mothú spásúlachta a chruthú i líníochtaí, i bpictiúir, i bpriontaí, i gcolláis agus in *appliqué*

## Feasacht ar fhoirm

- tréith thríthoiseach foirme a aithint i rudaí

  *sliabh, gluaisteán, taephota, toradh éigin*

- comhghaolta idir codanna agus iomlán foirme coimpléascaí a iniúchadh

  *cothromaíocht, siméadracht, neamhshiméadracht, rithim, gluaiseacht, imeartas solais agus scátha, sásamh aeistéitiúil*

- foirm a léirmhíniú agus uigeacht dromchla á cruthú i líne, i ngréas agus i rithim
- ábhair intuargainte a úsáid mar mheáin le haghaidh deartha agus cumtha

## Feasacht ar dhath agus ar thon

- íogaireacht do dhath agus do thon san amharcthimpeallacht a fhorbairt
- dathanna agus toin níos fíneálta fós a anailísiú agus a mheascadh
- éirí feasach ar thionchar dathanna teolaí agus dathanna fionnuara, ar thionchar dathanna comhlántacha nó dathanna comhchuí agus ar thionchar mionathruithe toin
- tosú ar dhath agus ar thon a úsáid chun rithim, treise, codarsnacht nó maisíochtaí spásúlacha in obair dhéthoiseach nó thríthoiseach a chruthú

## Feasacht ar uigeacht

- an coibhneas idir mothú agus cuma rudaí a iniúchadh
- feidhm a bhaint as raon uirlisí agus ábhar cun éagsúlacht agus codarsnacht in uigeacht dromchla a chruthú
- triail a bhaint as uigeacht a léirmhíniú i líníocht agus i bpéinteáil

## Feasacht ar ghréas agus ar rithim

- gréas a fhionnachtain agus a iniúchadh sa dúlra agus san amharcthimpeallacht

  *camóga ar uisce, foirmithe gainimh ar an gcladach, bláthanna*

- athchóipeáil agus athruithe líne, crutha, uigeachta, datha agus toin a úsáid, agus cuspóir a bheith leis, in obair dhéthoiseach nó thríthoiseach

## Feasacht ar spás

- feasacht a fhorbairt go líonann daoine agus rudaí spás
- spás agus doimhneacht a chruthú i líníochtaí agus i bpictiúir

  *trí mhéid na bhfíoracha agus na rudaí eile is faide amach a laghdú*

  *trí rádalú*

- tuiscint ar eagrú spásanna a fhorbairt trí thaithí a fháil ar thógáil.

# Snáithe: Líníocht

## Snáithaonad Líníochtaí a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- triail a bhaint as marcanna, línte, cruthanna, uigeacht, gréasa agus toin dhifriúla a dhéanamh ar raon de dhromchlaí le huirlisí líníochta éagsúla

  *grinnbhreathnú ar ábhair a roghnaíodh go speisialta agus tréithe líne, crutha, toin, uigeachta, solais agus dorchadais a fhionnachtain*

  *díriú, oiread agus is cuí, ar líníocht imlíneach, ar chruth, ar thon, ar uigeacht, ar ghréas agus ar rithim*

  *ríomhchlár ealaíne a úsáid chun íomhánna a chruthú agus a mhionathrú agus chun ceapachán a leagan amach*

- líníochtaí bunaithe ar eispéiris mheabhruithe a dhéanamh agus béim a chur ar ghréas, ar mhionsonraí, ar chomhthéacs agus ar shuíomh

  *bheith in áit aithnidiúil*

  *caitheamh aimsire agus cluichí*

- a s(h)aol samhalta a léiriú agus téamaí samhalta a léirmhíniú trí fheidhm a bhaint as gréas airgtheach agus mionsonraí

  *scéalta, dánta, amhráin, daoine samhailteacha , áiteanna, ainmhithe agus ábhair*

- líníocht bunaithe ar bhreathnóireacht a dhéanamh

  *leagan amach de nithe neamhbheo*

  *leagan amach de nithe neamhbheo le cúlra samhailteach*

  *gnéithe sa timpeallacht mar a fheictear iad ó ionaid éagsúla*

  *an fhíor dhaonna (m.sh. páiste eile sa rang ag cur staidiúirí éagsúla air/uirthi féin).*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé

    *cur síos ar cad atá ag titim amach sa líníocht*

    *na tréithe líne, crutha, uigeachta, gréasa agus rithime, agus toin a cruthaíodh*

    *mar a chuirtear doimhneacht spásúlach agus mionsonraí sa chúlra in iúl*

    *mar a chuirtear aicsean in iúl*

    *cad a bhí i gceist*

    *fadhbanna a tháinig sa bhealach agus mar a réitíodh iad*

    *obair ealaíontóirí eile a rinne an téama a léirmhíniú sa tslí chéanna nó i slí dhifriúil*

    *a mothaíonn sé/sí faoin líníocht.*

*Nascadh*

Péint agus dath: feasacht ar thionchair spásúlacha dhatha agus thoin a fhorbairt

Prionta: feasacht ar chruth agus ar na coibhneasa idir chruthanna a fhorbairt

Fabraic agus snáithín: feasacht ar cháilíochtaí tadhaill, amhairc agus spásúlachta a fhorbairt

D'fhéadfaí na naisc thuasluaite, agus cinn eile fós idir na snáitheanna, a fhorbairt mar ghníomhaíochtaí meán measctha. Is féidir cur chuige meán measctha a úsáid laistigh de na snáitheanna freisin.

*Comhtháthú*

Ceol: Na hamhráin agus na pearsana, na himeachtaí nó an t-atmaisféar i scéal a insítear os ard a léirmhíniú (i líníocht)

Drámaíocht: téamaí a iniúchtar i ndrámaíocht a léirmhíniú (i líníocht)

# Snáithe: Péint agus dath

## Snáithaonad Péinteáil

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- dath a iniúchadh le raon d'ábhair agus de mheáin

  *péint, criáin, pastail ola nó cailce, pinn luaidhe daite agus pinn le bioranna feilte nó snáithín*

  *prionta, colláis bheaga*

  *ríomhchlár ealaíne a úsáid chun turgnaimh a dhéanamh faoi thionchair dhathanna teolaí agus dhathanna fionnuara*

- pictiúir bunaithe ar mhothúcháin agus ar eispéiris mheabhraithe a dhéanamh agus tionchair spásúlacha dhatha agus thoin a iniúchadh, rádalú a úsáid agus roinnt tuisceana ar scála a léiriú

  *rudaí a tharla ina s(h)aol féin le déanaí, a bhfuil cuimhne ghlé aige/aici orthu agus a raibh dlúthbhaint aige/aici leo*

  *gnátháiteanna aithnidiúla*

- a s(h)aol samhalta a chur in iúl agus téamaí samhalta a léirmhíniú trí dhath a úsáid go lánléiritheach

  *scéalta, dánta, amhráin, ceol*

  *an chéad rud eile d'fhéadfadh titim amach i scéal eachtraíochta*

  *ghrúpa-pictiúir ar scála mór a dhéanamh a léiríonn pearsana nó gnéithe scéalta*

- péinteáil bunaithe ar bhreathnóireacht

  *grinndearcadh a dhéanamh chun teaglama fíneálta datha a aithint in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe*

  *pictiúir mhóra a dhéanamh ina leagtar béim ar dhath, ar thon, ar uigeacht, ar chruth, ar rithim*

  *an fhíor dhaonna agus aicsean á léiriú*

  *portráidí de pháistí eile sa rang ag cur staidiúir orthu féin le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla*

- dath a fhionnachtain san amharcthimpeallacht agus éirí íogaireach do dhifríochtaí datha agus d'athruithe toin de thoradh dathanna a mheascadh

  *dathanna a mheascadh chun dathanna ábhar amharcspéisiúil a chóipeáil go cruinn*

  *tionchair spásúlacha dhathanna agus thon a iniúchadh trí théamaí a roghnaítear i ngeall ar a bhféidearthachtaí datha*

  *dath agus ton a úsáid chun cúlionaid, lárionaid agus réamhionaid a chruthú i gcóiriúcháin shimplí neamhbheo agus i bpictiúir de thírdhreacha agus de shráid-dreacha*

- comhréiteach agus codarsnacht a fhionnachtain in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe agus trí théamaí a roghnófaí i ngeall ar a bhféidearthachtaí datha

  *scéim dhatha a dhearadh do shamhail thríthoiseach a rinne sé/sí*

  *cluichí measctha dathanna a imirt*

- gréas agus rithim a fhionnachtain in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe agus iad a úsáid go feidhmiúil ina c(h)uid oibre

  *feidhm a bhaint as athúsáid agus athrú dathanna codarsnacha chomh maith le saghsanna éagsúla uigeachta agus línte chun aontacht agus éagsúlacht a aimsiú i saothar*

- an coibhneas idir mothú agus cuma rudaí a iniúchadh

  *uigeacht in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe a fhionnachtain*

  *saghsanna éagsúla uigeachta a cruthaíodh i ndath agus i dton agus le scríobanna éagsúla scuaibe a léirmhíniú.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé

    *cur síos ar a bhfuil ag titim amach sa phictiúr*

    *na dathanna agus na toin a roghnaíodh*

    *mar a chomhcheanglaíonn na cruthanna, an uigeacht, an gréas, an rithim agus an chodarsnacht sa cheapachán*

    *mar a úsáideadh ábhair agus uirlisí chun maisíochtaí éagsúla a chruthú agus an bhféadfaí iad a úsáid i slite eile*

    *an idé a bhí in aigne aige/aici nó ag an ealaíontóir a chur in iúl*

    *saothar ealaíontóirí eile a bhfuil léirmhíniú déanta acu ar an téama sa tslí chéanna nó i slí eile*

    *mar a mhothaíonn sé/sí faoin bpictiúr.*

*Nascadh*

Líníocht: ceapachán a dhéanamh

Prionta: feasacht ar dhath a fhorbairt

Tógáil: feasacht ar thorthaí solais agus scátha ar dhath a fhorbairt

*Comhtháthú*

Damhsa: téamaí a iniúchadh i ngluaiseacht a léirmhíniú (i bpéint agus i ndath)

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí—Solas

# Snáithe: Prionta

## Snáithaonad Priontaí a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- triail a bhaint as raon níos leithne teicníochtaí chun priontaí a dhéanamh

  *priontáil a dhéanamh le raon teoranta datha ionas go ndíreofaí ar mhacasamhla níos coimpléascaí a dhéanamh i gcruth, in uigeacht agus i ngréas*

  *a fhionnachtain conas priontaí simplí a fhorbairt a thuilleadh (cruthanna ag forluí ar a chéile, mar shampla)*

- raon forásach de theicníochtaí priontála a úsáid chun priontaí bunaithe ar théamaí chomh maith le priontaí neamhléiritheacha a dhéanamh

  *raon de phriontaí éagsúla rilífe a dhéanamh*

    *bloic phriontála rilífe a chumadh agus béim á cur ar líne, ar chruth, ar chlaonchruth, ar uigeacht, ar ghréas*

    *nithe coitianta a bhrú isteach i leac chré*

    *cuid de na hachair a mhascadh*

    *raon de phriontaí rilífe éagsúla ar scála beag a dhéanamh (stampáil)*

    *gréasa agus rithimí spéisiúla a chumadh trí stampaí a chur le hais a chéile*

  *stionsail a dhéanamh*

    *péint a spré nó a leathadh le spúinse ar stionsail a gearradh de réir dhearadh an pháiste féin*

  *béim a leagan ar líne agus ar chruth agus monaiphriontaí á ndéanamh*

    *comhcheangal a dhéanamh le teicníochtaí eile*

- monaiphriontaí a dhéanamh lena n-úsáid (agus ar a son féin chomh maith)

  *lena n-úsáid ar pháipéar beartán, ar bhoscaí agus ar fhabraic*

  *póstaeir a dhéanamh le haghaidh ócáidí ar leith*

- ríomhchlár ealaíne a úsáid chun buníomhánna a chruthú gan úsáid a bhaint as pictiúr ghearrtha

  *dearadh priontála a leagan amach.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- earraí nádúrtha agus earraí saothraithe a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar uigeacht, ar chruth agus ar ghréas
- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus priontaí nó dearthaí priontaí ealaíne a léiríonn imeartas crutha, uigeachta nó líne a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an bprionta*

  *líne, cruth, claonchruth, uigeacht, gréas, dath a úsáideadh chun an mhacasamhail nó an dearadh a chruthú*

  *mar a úsáideadh ábhair agus uirlisí chun an prionta a chruthú agus a fhorbairt*

  *mar a réitíodh fadhbanna*

  *an ghné den saothar a thaitníonn leis/léi*

  *roinnt priontaí a bhreathnú chun teicníochtaí priontála a imscrúdú (ar a son féin chomh maith)*

  *stionsail agus monaiphriontaí a chur i gcomparáid lena s(h)aothar féin*
- samplaí de dhearadh choitianta a bhreathnú agus a phlé.

*Nascadh*

Líníocht: triail a bhaint as marcanna, as línte, as cruthanna, as uigeacht, as gréasa agus as toin

Péint agus dath: feasacht ar dhath a fhorbairt

*Comhtháthú*

Matamaitic: cruthanna déthoiseacha a úsáid chun gréasa a chruthú

# Snáithe: Cré

## Snáithaonad Forbairt foirme i gcré

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- buanna cré mar mheán le haghaidh léirithe shamhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain

  *liathróid bheag chré a fháisceadh, a tharraingt, a bhrú, a phriocadh, a rolladh agus a atógáil*

  *píosaí a tharraingt as an gcré agus iad a chur le chéile arís gan cheangal sofheicthe*

  *triail a bhaint as foirmeacha neamhléiritheacha*

  *triail a bhaint as cuid de na foirmeacha a chothromú*

- potaí simplí cré a dhéanamh

  *pota méaraithe nó pota cornánach a dhearadh agus a dhéanamh*

  *é a chríochnú le maisíochtaí greanta, le dearadh corna is millín nó é a phéinteáil nuair a bheadh sé tirim*

  *ainmhithe samhalta a dhéanamh*

- an meán a úsáid go léiritheach agus le mionsonraí samhalta chun dealbha urrúnta cré a chruthú

  *bunaithe ar scéalta agus ar dhánta, ar amhráin, ar cheol, ar dhrámaíocht*

- obair airgtheach lánléiritheach a dhéanamh le ciúbanna nó le bloic dhronuilleacha cré

  *struchtúr bunaithe ar théama (m.sh. teach le haghaidh úsáide speisialta) a dhearadh agus a dhéanamh*

  *struchtúir neamhléiritheacha (foirmeacha comhchothromaithe agus cónasctha mar shampla) a dhearadh agus a dhéanamh*

- líne, cruth, uigeacht agus gréas a fhorbairt i gcré

  *leaca cré a mhaisiú le dearthaí corna is millín i líne, i gcruth agus i ngréas nó le maisíochtaí uigeachta*

  *dealbha simplí i rilíf íseal a dhéanamh, ag cur cruth agus claonchruth san áireamh (m.sh. chun eachtraí i scéalta, i ndánta agus in amhráin a léiriú)*

  *píosaí beaga de sheodra greanta a dhéanamh*

  *(m.sh. boinn, siogairlíní)*

- oibriú go hairgtheach léiritheach le *papier maché*

  *maisc papier maché a dhearadh agus a dhéanamh chun scéalta, dánta, amhráin nó féilte a léiriú*

  *cinn papier maché andúchasacha a dhearadh agus a dhéanamh.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- earraí nádúrtha nó earraí saothraithe a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar fhoirm thríthoiseach

  *potaireacht, giuirléidí tí agus foirmeacha spéisiúla acu*

- breathnú ar a s(h)aothar féin, ar shaothar páistí eile agus ar phíosaí dealbhóireachta fáthaí agus neamhléirithí (sleamhnáin nó priontaí) agus iad a phlé

  *cur síos ar an bhfoirm*

  *tréith intuargainte chré*

  *mar a bhain sé/sí nó an dealbhóir úsáid as na hábhair*

  *an idé a bhí i gceist aige/aici nó ag an dealbhóir a chur in iúl*

  *cothromaíocht, siméadracht agus tionchar foriomlán*

  *fadhbanna a d'éirigh agus a réitíodh*

  *an ghné den saothar is mó a thaitníonn leis/léi*

- breathnú ar mhaisc dheasghnácha, ar mhaisc agus fhíoracha amharclainne sráide agus ar photaireacht fheidmiúil agus mhaisiúil (nó ar shleamhnáin nó phriontaí) agus iad a phlé

  *babhlaí le dromchlaí maisiúla, potaireacht bunaithe ar fhoirmeacha ainmhíocha.*

*Nascadh*

Líníocht: feasacht ar fhoirm a fhorbairt trí líníocht

Tógáil: feasacht ar chothromaíocht a fhorbairt trí thógáil

*Comhtháthú*

Drámaíocht: carachtair a iniúchadh trí dhrámaíocht a léirmhíniú (i gcré nó mar mhaisc *papier maché*)

# Snáithe: Tógáil

## Snáithaonad Struchtúir a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- airíonna agus tréithe ábhar a iniúchadh agus triail a bhaint astu i ndéanamh struchtúr

  *grúpáil, cothromú agus tógáil a dhéanamh le hábhair éagsúla*

  *mar a réitíonn na codanna éagsúla leis an iomlán*

  *na himlínte agus na spásanna éagsúla a cruthaíodh*

  *an bhfuil an struchtúr cothromaithe go fíneálta nó an struchtúr urrúnta teann é?*

  *na féidearthachtaí a bhaineann le dealbhóireacht páipéir theibí shaorsheasaimh a iniúchadh*

  *na spásanna a cruthaíodh, imeartas solais ar an struchtúr*

- líníochtaí bunaithe ar bhreathnú a dhéanamh chun struchtúir foirgneamh agus struchtúir nádúrtha plandaí a anailísiú

  *struchtúr agus cothromaíocht in ailtireacht agus i ndealbhóireacht chomhaimseartha, i struchtúir d'iarann teilgthe, i ndroichid agus sa dúlra a imscrúdú*

- struchtúir shamhalta a dhéanamh

  *samhail de láthair thógála a dhearadh*

  *na feidhmeanna a bheadh ag codanna difriúla na láithreach a phlé*

  *struchtúr rilífe a dhearadh agus béim a leagan ar phlánaí, ar chruthanna, ar rithim agus ar uigeacht*

  *foirmeacha agus struchtúir papier maché a dhearadh (m.sh. cinn andúchasacha).*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- cnuasaigh nó grianghraif de struchtúir nádúrtha agus de struchtúir thógtha a bhreathnú agus na socruithe spásúlacha, cothromaíochta agus imlíne a iniúchadh

  *cíor mheala, droichid, ceap árasán, tithe feirme*

- a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an struchtúr*

  *na hábhair agus na huirlisí a roghnaíodh don tasc*

  *leagan amach agus feidhmeanna na spásanna a cruthaíodh*

  *mar a baineadh cothromaíocht amach*

  *mar a réitíodh fadhbanna tógála agus aeistéitiúla*

  *na gnéithe den obair a thaitníonn leis/léi*

- samplaí spéisiúla d'ailtireacht chomhaimseartha maille le saothar ailtirí agus foirgneoirí mór le rá a bhreathnú agus a phlé.

*Nascadh*

Líníocht: struchtúr foirgneamh agus plandaí a anailísiú trí líníochtaí

Péint agus dath: tionchair spásúlachta, datha agus toin a iniúchadh

Cré: feasacht ar choibhneas idir na codanna agus an fhoirm iomlán a fhorbairt

*Comhtháthú*

Drámaíocht: eagrú spáis a iniúchadh agus láthair mhionamharclainne á déanamh

Eolaíocht: Ábhair—airíonna agus tréithe ábhar

# Snáith: Fabraic agus snáithín

## Snáithaonad Cruthú le fabraic agus le snáithín

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- buanna fabraice agus snáithín mar mheáin le haghaidh léirithe shamhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain

  *triail a bhaint as líne, as cruth, as dath, as gréas, as uigeacht, as snáithíní ar shaghsanna éagsúla uigeachta agus as fabraic fhí-oscailte mar spreagthaigh bhreise cruthaitheachta*

  *triail a bhaint as bealaí chun greamanna a mbeadh toradh maisiúil orthu a chumadh*

- píosaí beaga airgtheacha a dhéanamh i bhfabraic agus i snáithín

  *colláis a dhearadh agus a dhéanamh le béim ar dhath*

  *píosa appliqué le raon teoranta datha a dhearadh agus a dhéanamh chun téamaí pearsanta a léiriú*

  *greamanna a chumadh agus píosa fabraice a mhaisiú leo*

  *píosaí beaga ar leith a chruthú le lúba bunúsacha cniotála*

    *criosanna muinchille nó bandaí gruaige*

    *cniotáil a chomhcheangail le nithe maisiúla simplí chun píosaí ar leith seodra a dhéanamh*

    *béim a leagan ar dhath, ar ghréas, ar uigeacht*

  *taipéis a fhí le píosaí maisíochta san fhabraic*

- bréagáin bhoga a dhéanamh agus béim á leagan ar indibhidiúlacht agus ar éagsúlacht

  *foirmeacha a chruthú trí phíosaí fabraice a shnaidhmeadh*

  *ceannaithe, géaga agus maisíochtaí eile a fhuáil orthu*

- culaithirt a chumadh do charachtar i scéal nó fabraic a úsáid mar spreagthach le haghaidh culaithirte andúchasaí

  *cultacha a chruthú trí phíosaí fabraice a fhúáil agus a ghreamú le bioráin ar phíosaí seanéadaigh.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- raon d'fhabraicí agus de shnáithíní éagsúla a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar cháilíochtaí tadhaill, spásúlachta agus amhairc

  *bog, garbh, ainmhín, righin, te, fuar, fite go mín nó go tiubh, uigeach*

  *dath agus gréas*

  *cáilíochtaí clúdaithe, fillte agus deasaithe*

  *saothar ealaíontóirí a bhain úsáid as na fabraicí seo (sleamhnáin nó priontaí)*

- a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos a dhéanamh ar an saothar*

  *tréithe na n-ábhar agus na n-uirlisí a roghnaíodh*

  *iad sin is mó ar thaitin sé leis/léi bheith ag obair leo*

  *mar ar éirigh leis/léi greamanna a chumadh, a oiriúnú nó a chur le chéile chun toradh maisiúil a bhaint amach*

  *teaglamaí dathanna, gréasa, torthaí uigeacha a d'éirigh leis/léi a bhaint amach*

  *an ghné den saothar is mó a thaitníonn leis/léi*

- fabraicí fite, bróidnithe agus cniotáilte agus fabraicí eile maille le píosaí spéisiúla éadaigh ó amanna agus ó chultúir eile a bhreathnú agus a phlé

- ceird agus píosaí fabraice ón gceardaí a bhreathnú agus a phlé agus, más féidir, cuairt a thabhairt ar cheardaí i mbun oibre.

*Nascadh*

Péint agus dath: feasacht ar dhath a fhorbairt

Tógáil: feasacht ar oiriúnacht ábhar don tasc a fhorbairt

*Comhtháthú*

Drámaíocht: culaithirt a chumadh do charachtar a iniúchadh trí dhrámaíocht

Eolaíocht: Ábhair—Airíonna agus tréithe ábhar

# Ranganna 5 agus 6

# Foramharc

ranganna 5 agus 6

*Forbairt coincheap agus scileanna*

## Coincheapa

- Feasacht ar líne
- Feasacht ar chruth
- Feasacht ar fhoirm
- Feasacht ar dhath agus ar thon
- Feasacht ar uigeacht
- Feasacht ar ghréas agus ar rithim
- Feasacht ar spás

*Tagann na coincheapa thuasluaite ó na hamharcghnéithe agus déanfar iad a fhorbairt de réir mar a dhéanfar obair ar na snáitheanna agus ar na snáithaonaid a rianaítear thíos.*

| *Snáitheanna* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Líníocht | • Líníochtaí a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Péint agus dath | • Péinteáil<br>• Breathnú agus freagairt |
| Prionta | • Priontaí a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Cré | • Forbairt foirme i gcré<br>• Breathnú agus freagairt |
| Tógáil | • Tógálacha a dhéanamh<br>• Breathnú agus freagairt |
| Fabraic agus snáithín | • Cruthú le fabraic agus le snáithín<br>• Breathnú agus freagairt |

# Pleanáil

## Struchtúr agus cur i láthair

Tá ábhar an churaclaim amharcealaíon do ranganna 5 agus 6 á chur i láthair in dhá roinn:

- roinn dar teideal 'Forbairt scileanna agus coincheap' a rianaíonn gnéithe na healaíne nach mór don pháiste a fhorbairt agus gníomhaíochtaí san oideachas amharcealaíon idir lámha aige/aici
- roinn ina bhfuil sé *shnáithe* agus gach snáithe acu ina mheán don amharcléiriú. Tá dhá shnáithaonad chomhghaolmhara i ngach ceann de na snáitheanna seo. Sa chéad shnáithaonad moltar raon de ghíomhaíochtaí atá dírithe ar ealaín a dhéanamh. Sa dara snáithaonad moltar gníomhaíochtaí a bhaineann le dearcadh ar an amharcthimpeallacht agus ar shaothar ealaíne maille le freagairt dóibh. Tá na gníomhaíochtaí sna snáithaonad fite fuaite ina chéile, agus i dteannta a chéile soláthraíonn siad an comhthtéacs foghlama don ealaín. Ar fud na ranna a bhaineann le hábhar tugtar eiseamláirí agus taispeántar iad i gcló iodálach. Is moltaí iad seo agus níl sé i gceist go leanfaí iad mar dhualgas.

## Na snáitheanna do ranganna 5 agus 6

Beidh go leor deiseanna ag an bpáiste ag leibhéal ranganna 5 agus 6 chun obair bunaithe ar bhreathnóireacht a dhéanamh; an lorgán radhairc a úsáid chun líníocht a dhéanamh ar ghnéithe ina t(h)impeallacht, ábhair neamhbheo a eagrú, a líniú agus a phéinteáil agus páiste eile sa rang a líniú nó a phéinteáil agus méid áirithe aire á dhíriú ar mhionsonraí. Bainfear feidhm as teicníochtaí mar rádalú agus peirspictíocht aerga agus líneach chun doimhneacht spásúlach a chur in iúl ar leathanach. Bainfidh sé/sí taitneamh as líníocht agus péinteáil d'fhaisin na todhchaí agus as plean a dhearadh agus a sceitseáil le haghaidh samhla tríthoisí le codanna gluaiste agus as pearsana chartúin a chumadh.

Bainfidh an páiste triail as dathanna comhchuí nó dathanna comhlántacha a úsáid ar mhaithe lena dtionchair i gceapacháin. Beidh priontaí rilífe, monaiphriontaí, cuimealtáin phictiúrtha agus clóbhualadh criathair i measc na dteicníochtaí priontála a úsáidfidh sé/sí. Beidh deiseanna ar fáil chun an ceann daonna a mhúnlú i gcré agus chun cinn andúchasacha d'ainmhithe éagsúla a dhéanamh i *bpapier maché*. Beidh déanamh struchtúr le sreang mhiotail agus déanamh samhla le codanna gluaiste ar na gníomhaíochtaí tógála. Tá colláis, cniotáil, fíodóireacht, déanamh bréagán bunaithe ar charachtair agus déanamh culaithirte ar na gníomhaíochtaí a mholtar le haghaidh fabraice agus snáithín.

Saibhreofar an obair trí dheiseanna a sholáthar chun staidéar a dhéanamh ar an dóigh a léiríonn ealaíontóirí idéanna agus mar a réitíonn siad fadhbanna ar nós na gcinn a bhíonn ag an bpáiste féin. Ag an am céanna seachnófar cóipeáil agus na drochthorthaí a ghabhann léi.

## Roghnú ábhair

Ba chóir go mbeadh an clár leathan comhchothrom agus go ndéanfaí an phleanáil ar shlí a dheimhneodh go mbeadh leanúnachas agus forchéimniú san obair agus go seachnófaí bearnaí bunúsacha. Faoi mar a léirítear sna snáithaonaid, ba chóir go rachadh an páiste trí raon de ghníomhaíochtaí comhtháite sna snáitheanna go léir i rith na tréimhse dhá bhliain.

## Nascadh agus comhtháthú

Léirítear deiseanna *nasctha* (.i. comhtháthú taobh istigh den churaclam amharcealaíon) agus *comhtháthaithe* (.i. comhtháthú traschuraclaim) ag deireadh gach snáithe. Is féidir *nascadh* a dhéanamh i mbealaí mar seo a leanas:

- na meáin éagsúla a úsáid chun coincheapa agus scileanna a fhorbairt, mar shampla eolas ar dhath a fhorbairt trí phéinteáil, trí phriontáil agus trí obair le fabraic agus le snáithín
- gníomhaíochtaí a chleachtadh ina bhforbraítear téama áirithe, mar shampla an téama 'an trá' a léirmhíniú i líníochtaí, i sceitsí daite, i *bpapier maché* agus mar phíosa leath-theibí i raon de mheáin.

Ba chóir deiseanna *comhtháthaithe* (go háirithe le ceol, le drámaíocht agus le damhsa) a aithint nuair a bhíonn an clár amharcealaíon á phleanáil. Trí phleanáil chúramach cinnteofar go ndéanfar cúram ceart de chuspóirí na n-amharcealaíon sna gníomhaíochtaí comhtháite.

# Forbairt coincheap agus scileanna do ranganna 5 agus 6

*De thoradh snáithaonaid an churaclaim amharcealaíon a chríochnú ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

## Feasacht ar líne

- a aithint go mbaineann tréithe éagsúla le línte, m.sh. dlús, uigeacht, gréas agus treo, agus gur féidir iad a úsáid chun cruthanna a dhéanamh agus chun gluaiseacht, rithim agus foirm a chur in iúl
- líne a úsáid go lánléiritheach agus le breis íogaireachta d'ábhair agus d'uirlisí
- an fhíor dhaonna a léirmhíniú agus dul chun cinn a dhéanamh thar úsáid siombailí pearsanta (scéimre)
- cumas breathnaithe níos grinne a léiriú agus an amharcthimpeallacht á léirmhíniú
- líníochtaí agus léaráidí a úsáid chun fadhbanna deartha a réiteach agus chun idéanna a chuirfí i gcrích i meáin eile a shoiléiriú agus a fhorbairt

## Feasacht ar chruth

- bheith íogaireach do chruth san amharcthimpeallacht
- cruthanna éagsúla a chumadh agus triail a bhaint astu chun rithim, cothromaíocht, codarsnacht, treise agus tuiscint spásúlach a chruthú i líníochtaí, i bpictiúir agus i meáin eile
- díriú uaireanta ar ghréas, ar imill agus ar leagan amach ar an bplána pictiúrtha, gan béim a leagan ar dhoimhneacht
- feidhm a bhaint as cruthanna ag forluí ar a chéile agus as scála chun doimhneacht thríthoiseach a chur in iúl

## Feasacht ar fhoirm

- tréith thríthoiseach foirme a thabhairt faoi deara agus na coibhneasa idir na codanna agus an t-iomlán a iniúchadh i bhfoirmeacha coimpléascacha
- an fhíor dhaonna agus struchtúr an chinn dhaonna a anailísiú agus a léirmhíniú i gcré
- dromchla foirme chré a fhorbairt trí fheidhm a bhaint as líne, as rithim, as uigeacht, as gréas
- ábhair thríthoiseacha a úsáid mar mheáin chun dearadh agus cumadh a dhéanamh

## Feasacht ar dhath agus ar thon

- íogaireacht d'fhíneáltacht datha agus toin san amharcthimpeallacht a fhorbairt
- feasacht a fhorbairt ar thionchair dhathanna teolaí, dhathanna fionnuara, dhathanna comhlántacha, dhathanna comhchuí agus athruithe ton
- dathanna agus toin fíneálta a mheascadh agus rithim, treise, codarsnacht, imeartas spásúlach agus atmaisféar a chruthú i saothar déthoiseach agus i saothar tríthoiseach

## Feasacht ar uigeacht

- an gaol idir mothú agus cuma rudaí a iniúchadh
- feidhm a bhaint as raon d'ábhair agus d'uirlisí chun éagsúlacht, codarsnacht agus treise a chruthú in uigeacht dromchlaí
- raon d'uirlisí líníochta a úsáid chun uigeacht ábhar a ndearnadh breathnú orthu a chur in iúl

## Feasacht ar ghréas agus ar rithim

- gréas san amharcthimpeallacht a anailísiú trí líníocht, phéinteáil agus mheáin eile

  *coirt bheithe agus í ag scamhadh, toinn ar an bhfarraige, scafall, líonta iascaigh, foirgnimh chloiche*

- athchóipeáil agus athrú líne, crutha, uigeachta, datha agus toin a úsáid chun torthaí comhchuí nó codarsnacha a chruthú

## Feasacht ar spás

- leanúint d'fheasacht air go líonann daoine agus rudaí spás a fhorbairt
- tuiscint bhunúsach a fhorbairt ar pheirspictíocht aerga agus líneach (eagrú spásúlach)
- samhail a dhearadh agus a chruthú le hiliomad spásanna, idir oscailte agus dhúnta

  *cillíní, seomraí, clóis.*

# Snáithe: Líníocht

## Snáithaonad Líníochtaí a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- triail a bhaint as marcanna, línte, cruthanna, uigeacht, gréasa agus toin éagsúla a dhéanamh ar raon de dhromchlaí le huirlisí éagsúla agus breis íogaireachta agus smachta á léiriú

  *breathnú go grinn ar ábhair a roghnaíodh go speisialta chuige agus cáilíochtaí líne, gréasa, uigeachta, solais agus spáis a léirmhíniú*

  *díriú, de réir mar is cuí, ar líníocht imlíneach, ar chruth, ar thon, ar uigeacht, ar ghréas agus rithim, agus ar struchtúr*

- a fhionnachtain mar a d'fhéadfadh líne gluaiseacht agus rithim a chur in iúl

  *gluaiseacht sa dúlra (cruthanna scamall)*

  *stíleanna peannaireachta (Leabhar Ceanannais)*

  *fíoracha cartúin ag gníomhú*

- líníochtaí bunaithe ar théamaí a léiríonn spéiseanna, eispéiris agus mothúcháin fhorásacha a dhéanamh

  *caitheamh aimsire, turasanna, eachtraí speisialta*

- gréas agus mionsonraí airgtheacha a úsáid chun téamaí samhlaíocha a líniú

  *scéalta, dánta, amhráin*

  *gluaisteáin, gluaisrothair nó tithe gleoite*

  *faisean na todhchaí*

  *pearsana cartúin ar stiallchartúin*

  *pleananna a dhearadh agus a sceitseáil le haghaidh tionscadail thríthoisigh*

- líníocht bunaithe ar bhreathnú a dhéanamh

  *leagan amach nithe neamhbheo*

  *gnéithe sa timpeallacht mar a fheictear iad ó áiteanna difriúla*

  *lorgán radhairc (nó fuinneog seomra ranga) a úsáid chun rudaí a shuíomh nó chun spás a shainiú*

  *an fhíor dhaonna (m.sh. páiste eile sa rang i suíomh ar leith)*

  *mionsonraí na fíorach daonna (m.sh. portráid de pháiste eile sa rang).*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar a bhfuil ar siúl sa líníocht*

  *na hábhair agus na huirlisí a roghnaíodh agus na torthaí a bhí i gceist*

  *mar a chuirtear rithim agus foirm in iúl*

  *fadhbanna a tháinig sa bhealach nuair a bhí an fhíor dhaonna á léirmhíniú agus mar a réitíodh iad*

  *rádalú nó scála a úsáid chun doimhneacht spásúlach a chur in iúl ar leathanach*

  *an ghné den líníocht is mó a thugann sásamh*

  *léirithe eile ar an téama nó conas mar a thabharfadh sé/sí faoi*

  *a mothaíonn sé/sí faoin léiriú.*

*Nascadh*

Prionta: triail a bhaint as cruthanna ag forluí ar a chéile, as cruthanna i gcodarsnacht lena chéile agus as cruthanna suite taobh le taobh

Cré: feasacht ar fhoirm a fhorbairt trí líníocht

Tógáil: cumas líníocht a úsáid chun struchtúr a dhearadh a fhorbairt

D'fhéadfaí na naisc seo agus cinn eile nach iad a fhorbairt mar ghníomhaíochtaí meán measctha. D'fhéadfaí an cur chuige meán measctha a úsáid laistigh de na snáitheanna freisin.

*Comhtháthú*

Ceol: fuaimeanna agus pictiúir d'fhuaimeanna a chuireann gléasanna ceoil éagsúla in iúl a léirmhíniú (i líne); líníochtaí a dhéanamh de ghléasanna ceoil mar nithe neamhbheo agus mar oiriúintí portráide

Damhsa: téamaí a iniúchadh trí ghluaiseacht a léirmhíniú (i líníocht)

# Snáithe: Péint agus dath

## Snáithaonad Péinteáil

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- dath a iniúchadh trí fheidhm a bhaint as raon d'uirlisí líníochta, de mhéain agus de theicníochtaí dathaithe

  *péint, criáin, pastail ola nó chailce, cailceanna, dúigh, pinn luaidhe daite, pinn le bioranna feilte nó snáithín*

  *prionta, appliqué, colláis, toin a úsáid i mosáic ar scála beag*

- pictiúir bunaithe ar mhothúcháin agus ar eispéiris mheabhraithe a dhéanamh agus slite chun maisíochtaí spásúlacha a bhaint amach a fhionnachtain

  *téamaí a roghnaíodh i ngeall ar a bhféidearthachtaí datha agus a léiríonn leathnú éispéiris agus spéise a léirmhíniú*

  *triail a bhaint as dath agus as ton, as dathanna teolaí agus fionnuara, as rádalú agus as peirspictíocht bhunúsach aerga agus líneach a úsáid*

- a s(h)aol samhlaíoch a chur in iúl agus téamaí samhlaíocha a léirmhíniú trí dhath a úsáid go lánléiritheach

  *scéalta agus dánta; scéalta atmaisféaracha drámata eachtraíochta ina measc*

  *páistí eile sa rang mar shamplaí chun an t-aicsean a léirmhíniú*

- líníocht bunaithe ar bhreathnóireacht a dhéanamh

  *cóiriúcháin de dhathanna dá rogha féin a shocrú agus a phéinteáil*

  *gnéithe den timpeallacht mar a fheictear iad ó ionaid dhifriúla*

  *feidhm a bhaint as lorgán radhairc chun rudaí a áitiú nó chun spás a shainniú agus dath agus ton a úsáid chun maisíochtaí spásúlacha a chruthú*

  *an fhíor dhaonna nó grúpaí d'fhíoracha i suíomh ar leith*

    *ag seinm i mbanna ceoil, mainicíneacht faisean*

  *portráid de pháiste eile sa rang i dtoin dhifriúla de dhath amháin*

- a bheith íogaireach do dhifríochtaí níos fíneálta datha agus do thoin éagsúla in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe

  *nithe amharcspéisiúla a bhreathnú agus iarracht a dhéanamh na teaglamaí datha a chóipeáil*

  *gearrthóga irisleabhar a úsáid chun meascadh dathanna a chleachtadh.*

- comhréiteach agus codarsnacht a fhionnachtain in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe agus trí théamaí a roghnaíodh i ngeall ar a bhféidearthachtaí datha

  *dathanna a mheascadh agus a chur le hais a chéile chun a fháil amach mar a réitíonn siad le chéile*

- gréas agus rithim a fhionnachtain in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe

  *dathanna comhlántacha agus dathanna comhchuí, línte, uigeacht agus cruthanna éagsúla a athchóipeáil agus a athrú*

- an coibhneas idir mothú rudaí agus cuma rudaí a iniúchadh

  *uigeacht a fhionnachtain in earraí nádúrtha agus in earraí saothraithe*

  *uigeacht i ndath, i dton agus i meáin mheasctha a léirmhíniú.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar ealaíontóirí a bhreathnú agus a phlé

    *cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ag titim amach sa phictiúr*

    *dathanna agus toin chomhlántacha agus chomhchuí agus difríochtaí fíneálta datha*

    *mar a chuirtear rithim, gluaiseacht, atmaisféar, éagsúlacht, doimhneacht spásúlach nó foirm in iúl*

    *an idé a bhí ar intinn aige/aici féin nó ag an ealaíontóir a chur in iúl*

    *mar a rinne ealaíontóirí eile an téama seo a léirmhíniú sa tslí chéanna nó i slite eile*

    *mar a mhothaíonn sé/sí faoin bpictiúr*

    *an t-idirlíon nó dlúthdhiosca a úsáid chun teacht ar shaothar ealaíontóra agus chun ceisteanna cosúil leo sin thuas a fhreagairt.*

*Nascadh*

Líníocht: tréithe líne, crutha, uigeachta, solais agus scátha a léirmhíniú

Tógáil: mar a imríonn scáth agus solas ar struchtúir a iniúchadh

Fabraic agus snáithín: feasacht ar dhath a fhorbairt

*Comhtháthú*

Ceol: scéalta, mothú, coincheapa, ócáidí léirithe i bhfuaim a léirmhiniú (i bpéint agus i ndath)

Drámaíocht: téamaí a iniúchadh trí dhrámaíocht a léirmhíniú (i bpéint agus i ndath)

Eolaíocht: Fuinneamh agus fórsaí—Solas

# Snáithe: Prionta

## Snáithaonad Priontaí a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- taighde a dhéanamh ar raon níos coimpléascaí de theicníochtaí priontála

  *mar a d'fhéadfaí priontaí simplí a fhorbairt a thuilleadh a fhionnachtain*

    *forphriontáil a dhéanamh le cruthanna nó le dathanna codarsnacha*

    *rádalú nó cruthanna a leagan taobh le taobh*

    *achair a mhascadh agus prionta breise a dhéanamh*

    *raon datha níos leithne a úsáid chun íomhánna níos coimpléascaí a chruthú*

  *triail a bhaint as teicníocht ghaolmhar chun fótagraim ina gcuirtear béim ar chruth, chlaonchruth agus imlíne a dhéanamh*

- úsáid a bhaint as raon de theicníochtaí priontála níos coimpléascaí chun priontaí neamhléiritheacha nó cinn bunaithe ar théamaí a dhéanamh

  *raon de phriontaí rilífe a dhéanamh*

    *bloic phriontála rilífe a chumadh le líne, le cruth, le huigeacht agus le gréas*

    *athléirmhíniú a dhéanamh ar a líníochtaí agus ar a sceitsí breathnóireachta i bpriontaí rilífe*

  *monaiphriontaí a dhéanamh le béim ar líne, ar chruth agus ar uigeacht*

    *comhcheangal a dhéanamh le teicníochtaí eile priontála*

  *cuimilteáin phictiúrtha a dhéanamh*

    *roinnt dá líníochtaí a léirmhíniú mar chruth comhréidh nó mar scáthchruth le raon spéisiúil uigeachta*

  *priontaí clóbhualadh criathair a dhéanamh*

    *roinnt dá líníochtaí a léirmhíniú mar chruth comhréidh*

- priontaí a dhéanamh lena n-úsáid (agus ar a son féin chomh maith)

  *triail a bhaint as teicníochtaí priontála fabraice*

  *póstaeir a dhéanamh*

  *cártaí agus comharthaí a dhearadh agus a phriontáil*

- ríomhchlár ealaíne a úsáid chun buníomhánna nach bhfuil ag brath ar phictiúir ghearrtha a chruthú.

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- earraí nádúrtha agus earraí saothraithe a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar uigeacht, ar chruth agus ar ghréas
- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile, priontaí ealaíne nó priontdhearadh a léiríonn teicníochtaí éagsúla priontála a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an bprionta*

  *líne, cruth agus claonchruth, uigeacht, gréas, dath agus ton agus an toradh a baineadh amach*

  *na socruithe a rinneadh le linn na hoibre*

  *na teicníochtaí ar bhain an t-ealaíontóir úsáid astu agus tuairimíocht faoin gcúis ar roghnaigh sé/sí iad*

  *na codanna is sásúla den phrionta nó a thionchar.*

Ábhar do ranganna 5 agus 6

*Nascadh*

Líníocht: triail a bhaint as cruth, as uigeacht, as gréas, as rithim, as struchtúr

Péint agus dath: feasacht ar dhath a fhorbairt

*Comhtháthú*

Matamaitic: triail a bhaint as cruthanna agus airíonna déthoiseacha chun fadhbanna deartha a réiteach

# Snáithe: Cré

## Snáithaonad Forbairt foirme i gcré

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- buanna cré mar mheán le haghaidh léirithe shamhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain

  *turgnamh le cothromaíocht agus le coibhneas*

- cré a úsáid chun foirm a anailisiú agus a léirmhíniú ó bhreathnóireacht

  *an ceann daonna nó fíor urrúnta dhaonna a mhúnlú*

- roinnt de na tréithe bunúsacha a bhaineann le saothar tríthoiseach a iniúchadh

  *tuiscint ar struchtúr a fhorbairt trí rudaí a thógáil agus a chónascadh i gcré*

  *an tionchar a bhíonn ag suíomh meáchain fíorach nó struchtúir ar a dhaingne (m.sh. déanamh foirne leabharthacaí)*

- potaireacht agus dealbhóireacht shimplí a dhéanamh

  *potaí cornánacha nó potaí méaraithe a dhearadh, a dhéanamh agus a mhaisiú*

  *dealbhóireacht shamhlaíoch de phota mhéaraithe a dhearadh (m.sh. ainmhithe nó créatúir andúchasacha)*

- triail a bhaint as líne, as cruth, as uigeacht agus as gréas a úsáid i rilíf íseal agus an teicníocht a fhorbairt

  *i ndealbhóireacht neamhléiritheach nó i ndealbhóireacht bunaithe ar théama (m.sh. uisce báistí ag sileadh isteach i sruthán, geallta bád)*

- struchtúr samhlaíoch leac a thógáil

  *struchtúr coimpléascach le hiliomad spásanna a dhéanamh (m.sh. teach a fairsingíodh)*

- obair airgtheach léiritheach a dhéanamh le papier maché

  *maisc, cinn nó samhlacha papier maché a dhearadh chun scéalta, dánta, amhráin agus féilte a léiriú.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- earraí nádúrtha agus earraí saothraithe a láimhsiú, a bhreathnú agus a phlé chun taithí a fháil ar fhoirm thríthoiseach

  *torthaí, potaireacht agus giuirléidí tí le foirmeacha spéisiúla*

- a s(h)aothar féin, saothar páistí eile agus saothar dealbhóra, dealbha rilífe san áireamh (priontaí nó sleamhnáin), a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an bhfoirm*

  *an taithí ar obair le hábhair*

  *na coibhneasa idir na codanna agus an t-iomlán a anailisiú*

  *slite chun codanna a chur le chéile i dtógáil agus chun cothromaíocht a bhaint amach*

  *an rud a bhí ar intinn aige/aici féin nó ag an ealaíontóir a chur in iúl*

  *fadhbanna a réitíodh agus an ceann daonna á léirmhíniú i gcré*

  *gnéithe den obair a thugann sásamh*

- dearcadh ar mhaisc dheasghnácha, ar mhaisc agus ar fhíoracha amharclainne sráide, agus ar photaireacht fheidhmiúil nó mhaisiúil ó chultúir agus amanna difriúla (sleamhnáin nó priontaí) agus iad a phlé.

*Nascadh*

Líníocht: feasacht ar fhoirm a fhorbairt trí líníocht

Tógáil: foirm agus struchtúr a anailísiú trí thógáil

*Comhtháthú*

Drámaíocht: pearsana a iniúchadh trí dhrámaíocht a léirmhíniú (i gcré nó i *papier maché*)

Stair: léirmhíniú samhlaíoch a dhéanamh ar charachtair stairiúla i gcré nó i *bpapier maché*

# Snáithe: Tógáil

## Snáithaonad Tógálacha a dhéanamh

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- airíonna agus tréithe ábhar a iniúchadh agus triail a bhaint astu i ndéanamh struchtúr

  *imlínte agus spásanna a cruthaíodh*

  *mar a réitíonn na codanna éagsúla leis an iomlán*

  *na rithimí sa struchtúr*

  *an bhfuil an struchtúr cothromaithe go fíneálta nó an struchtúr urrúnta teann é?*

  *an bhfuil achair áirithe den struchtúr níos broidiúla ná a chéile?*

  *féidearthachtaí dealbhóireachta teibí saorsheasaimh páipéir a iniúchadh*

  *imeartas solais ar an struchtúr*

  *an mothú foriomlán cothromaíochta a cruthaíodh*

- líníochtaí bunaithe ar bhreathnóireacht a dhéanamh chun struchtúr agus foirm a anailísiú

  *struchtúir sa dúlra a tharraingt agus iniúchadh a dhéanamh ar scáth agus ar sholas*

  *struchtúr agus cothromaíocht in ailtireacht agus i ndealbhóireacht chomhaimseartha a imscrúdú*

- struchtúir shamhlaíocha a dhéanamh

  *struchtúir bunaithe ar théamaí a bhaineann le heachtraí agus le féilte áitiúla a dhearadh*

  *foirmeacha papier maché ar scála mór a dhearadh*

    *ollphéisteanna, dionosáir agus maisc ollmhóra*

  *struchtúir neamhléiritheacha rilífe a chruthú agus béim á leagan ar phlánaí, ar chruthanna, ar rithim, ar imeartas solais agus scátha agus ar uigeacht*

  *struchtúir shreinge miotail a chruthú a leagann béim ar líne agus atá éifeachtach ó gach taobh*

  *mionsamhail le codanna gluaiste a chruthú*

  *clár deartha ríomhchuidithe a úsáid (má bhíonn a leithéid ar fáil) chun struchtúr a dhearadh.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- socruithe spásúlachta, cothromaíochta agus imlíne i gcnuasaigh nó i ngrianghraif de struchtúir nádúrtha nó de struchtúir shaothraithe a bhreathnú, a iniúchadh agus a phlé

  *cinn síl mhóra, gabhdáin (m.sh. sliogáin mhara bhíseacha)*

  *ionaid siopadóireachta, séipéil*

- a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an tógáil*

  *mar a chabhraigh na hábhair a roghnaíodh chun a p(h)lean a chur i gcrích nó a bhacadh*

  *spásanna, imlínte, rithimí a cruthaíodh*

  *mar a mhothaíonn sé/sí faoin tógáil*

- samplaí d'fhoirgnimh shuntasacha a tógadh san am atá thart in áiteanna éagsúla ar fud an domhain agus samplaí d'ailtireacht, de dhealbhóireacht d'innealtóireacht agus de dhearadh comhaimseartha a bhreathnú agus a phlé

  *samhail nó plean d'fhoirgneamh samhailteach a dhéanamh.*

*Nascadh*

Líníocht: foirm agus dealbhóireacht a anailísiú trí líníocht

Cré: iliomad spásanna a úsáid chun struchtúir choimpléascacha a dhéanamh

*Comtháthú*

Drámaíocht: pearsana agus siombailí a iniúchadh trí dhrámaíocht a léirmhíniú (mar fhoirmeacha agus struchtúir i *bpapier maché* ar scála mór)

Stair: eachtraí stairiúla a léirmhíniú go samhlaíoch mar fhoirmeacha agus struchtúir *papier maché* ar scála mór.

## Snáithaonad Cruthú i bhfabraic agus i snáithín

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- buanna fabraice agus snáithín mar mheáin le haghaidh léirithe shamhlaíoch a iniúchadh agus a fhionnachtain

  *triail a bhaint as líne, as cruth, as dath, as gréas, as uigeacht, as snáithíní le saghsanna éagsúla uigeachta agus as fabraic fhí-oscailte a úsáid*

  *maisióchtaí uigeachta le lúba bunúsacha cniotála agus cróiseála agus le nithe fite isteach iontu*

  *greamanna a chumadh le haghaidh maisíochta*

  *triail a bhaint as batik a úsáid go simplí*

- píosaí beaga airgtheacha a dhéanamh i bhfabraic agus i snáithín

  *colláis nó píosa appliqué a dhearadh ar théama samhlaíoch*

  *líne, cruth, dath, gréas agus uigeacht ruda nádúrtha a léirmhíniú trí cholláis nó appliqué*

  *an mhóitíf a fhorbairt mar ghréas, mar ghréas athchóipeáilte b'fhéidir, lena úsáid chun priontáil a dhéanamh ar fhabraic*

  *píosaí beaga ar leith a chniotáil nó a chróiseál*

    *baill éadaigh phearsanta*

    *cniotáil, cróiseáil agus rudaí eile a chur le chéile chun píosaí seodra a chruthú*

  *feidhm a bhaint as an timpeallacht nádúrtha mar fhoinse spreagtha chun taipéis a chruthú*

- bréagáin shimplí de phearsana a dhéanamh

  *úsáid airgtheach a bhaint as seanéadaí agus as píosaí fabraice chun bréagáin bunaithe ar scéalta, ar dhánta agus ar dhrámaíocht a dhéanamh*

- culaithirt a dhearadh agus a dhéanamh

  *culaithirt airgtheach dhifriúil a dhéanamh mar mhionathrú ar théama*

  *ríomhchlár ealaíne a úsáid chun dearadh le haghaidh culaithirte a chumadh agus a mhodhnú do bhaill bhanna ceoil.*

## Snáithaonad Breathnú agus freagairt

*Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste*

- raon d'fhabraicí agus de shnáithíní éagsúla a bhreathnú, a láimhsiú agus a phlé chun taithí a fháil ar cháilíochtaí tadhaill, spásúlachta agus amhairc

  *bog, clúmhach, garbh, mín, righin, te, fuar, fite nó struchtúrtha go mín nó go tiubh, uigeach*

  *dath agus gréas*

  *cáilíochtaí clúdaithe, fillte, deasaithe*

  *saothar ealaíontóirí a bhain úsáid as na fabraicí seo*

- a s(h)aothar féin agus saothar páistí eile a bhreathnú agus a phlé

  *cur síos ar an saothar*

  *mar a spreag na hábhair a roghnaíodh slite chun idé a léirmhíniú*

  *mar a chomhcheanglaíonn uigeacht, dathanna agus gréasa difriúla le chéile*

  *mar a réitíodh fadhbanna tógála nó deartha nó mar a d'fhéadfaí iad a réiteach*

  *a bhfuil taitneamhach sa saothar*

- fabraicí fite, cniotáilte, cróiseáilte agus fabraicí eile chomh maith le baill éadaigh spéisiúla a bhaineann le tréimhsí agus le cultúir éagsúla a bhreathnú agus a phlé; tábhacht fabraice i gcultúr a iniúchadh
- ceird agus píosaí fabraice ón gceardaí a bhreathnú agus a phlé agus, más féidir, cuairt a thabhairt ar cheardaí i mbun oibre.

Ábhar do ranganna 5 agus 6

*Nascadh*

Líníocht: líne, cruth, uigeacht, solas agus scáth i líníochtaí a léirmhíniú

Tógáil: fabraic agus snáithín a úsáid i dtógáil dealbhóireachta

*Comhtháthú*

Drámaíocht: culaithirt a chumadh le haghaidh pearsana a iniúchadh trí dhrámaíocht

Eolaíocht: Ábhair—Airíonna agus tréithe ábhar: Ag dearadh agus ag déanamh.

# Measúnú

# Measúnú

## Measúnú: cuid dhílis de theagasc agus d'fhoghlaim

San oideachas amharcealaíon is cuid dhílis den teagasc agus den fhoglaim é an measúnú. Is cuid de chontanam teagaisc, foghlama agus measúnaithe é a chuireann eolas ar fáil i dtaobh fhorbairt an pháiste in ealaín agus i dtaobh éifeacht an chláir amharcealaíon agus atá fíorthairbheach don mhúinteoir.

Tarlaíonn measúnú sna hamharcealaíona nuair a bhíonn an páiste ag gníomhú sa phróiseas cruthaitheach déanta ealaíne, nuair a bhíonn píosa saothair san ealaín tugtha chun críche aige/aici agus nuair a bhíonn freagairt phearsanta á déanamh aige/aici ar shaothar ealaíne. Cuireann an bealach measúnaithe seo ar chumas an mhúinteora a chinntiú go ndéantar freastal ar réimse iomlán an oideachais amharcealaíon ina c(h)uid teagaisc féin agus i bhfoghlaim an pháiste.

Cabhraíonn an measúnú lena dheimhniú go n-oireann an clár teagaisc do riachtanais an pháiste aonair. Cabhraíonn sé leis an múinteoir cumas foghlama agus fadhbanna a aithint maille le straitéisí oiriúnacha teagaisc a roghnú. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé bonn cóir chun clárú agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn an pháiste san ealaín.

Cé gur féidir breathnóireacht a dhéanamh ar an gcuid is mó dá gcuirtear i gcrích san oideachas amharcealaíon ní mór measúnú níos leithne a dhéanamh ná meastóireacht ar scileanna agus ar theicníochtaí amháin. Ní mór freisin go gcabhródh measúnú chun an tuiscint, an dearcadh agus an leibhéal díograise agus freagartha a shealbhaíonn an páiste, fad a bhíonn an próiseas déanta ealaíne idir lámha aige/aici agus feasacht léirmheastach agus feasacht aeistéitiúil á bhforbairt aige/aici, a aithint.

## Rólanna measúnaithe: cad chuige measúnú?

Déanann measúnú freastal ar chuspóirí difriúla. Soláthraíonn an measúnú leantach a dhéantar agus gníomhaíochtaí amharcealaíon ar siúl eolas don mhúinteoir ar leibhéal páirtíochta an pháiste, ar a ráta agus a c(h)éim forbartha agus ar a riachtanais foghlama. Cuidíonn measúnú *múnlaitheach* den saghas seo leis an múinteoir an chéad chéim eile d'fhoghlaim an pháiste a phleanáil agus cuireann sé na mionathruithe is gá a dhéanamh ar an gclár amharcealaíon ar a s(h)úile dó/di. D'fhéadfaí fadhbanna i gcumas amharcléirithe pháiste a aithint ach ní ceart féachaint orthu sin ach mar aon táscaire amháin ar fhorás iomlánaíoch an pháiste ar cheart é a chur san áireamh in éineacht le táscairí eile chun measúnú iomlán a dhéanamh.

Bíonn measúnú *suimitheach* nuair a úsáidtear é ó am go ham chun foramharc a sholáthar ar fhorbairt an pháiste sna hamharcealaíona. Is féidir an saghas seo measúnaithe a bheith úsáideach do pháistí, do thuismitheoirí, do mhúinteoirí agus do dhaoine gairmiúla eile i bhfearann an oideachais.

Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar an gclár ealaíon chun a chinntiú go ndéanann sé freastal ar riachtanais fhorbartha an pháiste aonair agus go gcuireann sé ar chumas an mhúinteora pleanáil dá réir a dhéanamh. Trí mheasúnú *meastóireachta* a dhéanamh is féidir bealaí éifeachtacha teagaisc agus úsáide saoráidí a aithint agus éascaíonn sé curaclam leathan cothrom forásach a sholáthar.

## Measúnú sna hamharcealaíona: cad ba chóir a mheasúnú?

Dearadh an curaclam amharcealaíon ar shlí go gcuirfí ar chumas an pháiste ealaín a dhéanamh agus saothar ealaíne a thuiscint agus freagairt dó trí mheán ábhar agus struchtúr na snáitheanna agus na snáithaonad. Ba chóir go mbunófaí an measúnú ar raon de ghníomhaíochtaí amharcealaíon a chuirfí i gcrích thar thréimhse áirithe ama agus ba chóir go n-áireofaí eispéiris foghlama ina mbeadh comhtháthú le hachair eile den churaclam i gceist.

Ba chóir go dtógfadh measúnú ceann de

- chumas an pháiste ealaín a dhéanamh
- chumas an pháiste saothar ealaíne a bhreathnú le tuiscint agus freagairt dó
- chineál theagmháil an pháiste le healaín.

Tá na trí achar thuasluaite comhghaolta agus déantar iad a mheasúnú ar bhonn

- feasacht chéadfach
- cumas agus scileanna léirithe
- feasacht léirmheastach agus aeistéitiúil
- dearcadh i leith gníomhaíochtaí ealaíne.

### *Feasacht chéadfach a mheasúnú*

Baineann sé seo le cumas an pháiste

—gnéithe líne, crutha, foirme, datha agus toin, uigeachta, gréasa agus rithime agus eagair spásúlaigh sa timpeallacht nádúrtha agus sa timpeallacht thógtha agus mar a chomhcheanglaíonn siad le chéile a iniúchadh agus a anailísiú

—tuiscint ar na gnéithe seo a léiriú ó thaobh amhairc de agus i ndíospóireacht.

Mar shampla, d'fhéadfaí feasacht chéadfach a fheiceáil i gcumas páiste cruth, uigeacht agus comhrianta, agus mar a oibríonn siad seo le chéile i sliogán tarraingteach nó i ndealbh b'fhéidir, a thabhairt faoi deara.

*Cumas agus scileanna lánléiritheacha a mheasúnú*

Baineann sé seo le cumas an pháiste

—raon de mheáin amharcealaíon a úsáid chun idéanna, mothúcháin agus eispéiris a léirmhíniú ar bhealach nua

—úsáid shamhlaíoch sciliúil a bhaint as ábhair agus uirlisí a oireann dá c(h)éim forbartha

—freagairt do spreagthach, idé a fhorbairt agus athruithe a dhéanamh ar an tslí a dteastaíonn uaidh/uaithi í a amharcléiriú.

D'fhéadfaí an cumas agus na scileanna lánléiritheacha seo a thabhairt faoi deara ar an gcáilíocht ó thaobh líne, crutha, datha, uigeachta nó gréasa a bhaintear amach i dtasc áirithe agus ar dhíograis agus ar leibhéal páirtíochta an pháiste agus na tréithe seo á saothrú aige/aici.

*Feasacht léirmheastach agus aeistéitiúil a mheasúnú*

Baineann sé seo le cumas an pháiste

—dearcadh ar shaothar ealaíne le haigne oscailte agus breis íogaireachta a léiriú ina leith

—bheith fiosrach, ceisteanna a chur faoi rudaí a fheiceann sé/sí agus meas a léiriú ar thuairimí daoine eile

—aicmí saothair ealaíne a aithint agus a c(h)umas breithiúnais a úsáid agus é/í á meas

—na hidéanna amhairc a chuirtear in iúl i saothar ealaíne a thuiscint agus freagairt dóibh (idéanna maidir le háilleacht, le cairdeas agus le cumhacht, mar shampla)

—freagairt do shaothar ealaíne.

Cé go n-aithnítear go ndéantar an fhreagairt is tábhachtaí do shaothar ealaíne in aigne an pháiste, ní mór don mhúinteoir eolas a bhailiú conas a dhéanann sé/sí freagairt do shaothar ealaíne agus conas a théann sé i gcion ar a s(h)aothar féin. D'fhéadfaí athruithe a thagann ar shaothar an pháiste, nach cóipeáil lom iad, a léirmhíniú mar thoradh na freagartha sin.

*Measúnú ar dhearcadh i leith gníomhaíochtaí ealaíne*

Baineann sé seo le cumas an pháiste

—dearcadh dearfach a léiriú i leith an phróisis chruthaithigh maille le páirt phearsanta a ghlacadh ann

—dul i bhfiontar i ndéanamh saothair ealaíne agus i bhfreagairt dó ionas go mbeadh a s(h)aothar féin airgtheach agus pearsanta i gcónaí.

Is gné thábhachtach d'fhorás an pháiste san ealaín é a c(h)umas agus a (h)inoiriúnaitheacht a fhorbairt, agus téann a dhearcadh i leith gníomhaíochtaí ealaíne i gcion ar an bhforbairt seo.

Tá na gnéithe seo d'fhorbairt ealaíne comhcheangailte agus ní mór iad a chuimsiú go cothrom sa mheasúnú.

## Uirlisí measúnaithe: conas measúnú a dhéanamh

Beidh raon d'uirlisí measúnaithe riachtanach chun go gcomhlíonfar na rólanna measúnaithe a rianaítear thuas. Ba chóir teaglam éigin de na teicníochtaí seo a leanas a chur san áireamh i measúnú na n-amharcealaíon:

*breathnóireacht an mhúinteora*

*tascanna a dhearann an múinteoir*

*samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail*

*próifílí curaclaim.*

*Breathnóireacht an mhúinteora*

Is í seo an saghas measúnaithe is minice a úsáideann an múinteoir. Cuid de is ea léirsmaoineamh agus athbhreithniú leantach ar na modhanna teagaisc a chleachtar. Déanann an múinteoir measúnú ar dhul chun cinn páiste de réir mar a bhreathnaíonn, a cheistíonn agus a dhéanann sé/sí monatóireacht ar chumas an pháiste sin idéanna agus scileanna a fhorbairt, ábhair agus uirlisí a láimhsiú agus freagairt phearsanta a dhéanamh don amharcthimpeallacht agus do shaothar ealaíne. Dhíreodh an modh measúnaithe neamhfhoirmiúil seo ar

- chumas an pháiste freagairt do thascanna amharcealaíon ar bhealaí éagsúla
- fheasacht chéadfach fhorásach an pháiste (cumas an pháiste meastóireacht oibiachtúil a dhéanamh ar a s(h)aothar féin agus ar shaothar daoine eile, mar shampla)

- dhíograis an pháiste agus a leibhéal páirtíochta pearsanta san obair a bhíonn idir lámha.

*Tascanna a dhearann an múinteoir*

Tá an saghas seo measúnaithe níos struchtúrtha ná breathnóireacht an mhúinteora. Chiallódh sé gníomhaíocht ealaíne a phleanáil d'aon ghnó chun measúnú a dhéanamh ar chumas an pháiste coincheapa agus scileanna ar leith a láimhsiú. Chuimseodh sé tascanna a chumadh a mbeadh ar an bpáiste iad a réiteach i meáin dhifriúla. D'fhéadfaí an tasc a bhunú ar théama mar ghné den saol nádúrtha (mar shampla ainmhithe fionnaidh, éisc dhathannacha), nó mar thimpeallacht chathrach (mar shampla clós súgartha, lárionad siopadóireachta) a léirmhíniú. Dá mb'fhéidir, d'fhágfaí roghnú an mheáin trína ndéanfadh an páiste an téama a léirmhíniú faoi/fúithi féin. Chomh maith le deis measúnú a dhéanamh ar chumas an pháiste oibriú go neamhspleách a sholáthar, chuirfí ar chumas an mhúinteora an páiste a bhreathnú agus gníomhaíocht shóisialta ealaíne ar siúl aige/aici agus an comhoibriú a léireodh grúpaí difriúla a thabhairt faoi deara. Chomh maith leis sin, dhíreofaí fócas an mheasúnaithe ar éifeacht obair an ghrúpa agus iad ag teacht ar réiteach agus ar an toradh a bhainfí amach. Ba chóir go dtiocfadh na gnéithe ar a ndéanfaí measúnú agus an leibhéal gnóthachtála lena mbeifí ag súil le céim fhorásach an pháiste san ealaín agus go gcuimseoidís a c(h)umas

- a c(h)uid chúraimí agus a n-eispéireas a chur in iúl ar bhealach pearsanta i raon d'amharcmheáin
- oibriú go táirgiúil agus le taitneamh i gcomhar le páistí eile.

*Samplaí oibre, bailiúcháin agus tionscadail*

Sampla ionadaíoch de shaothar an pháiste a thugtar suas chun dáta go tráthrialta is ea bailiúchán dá c(h)uid oibre. I measc na samplaí oibre chuimseofaí samplaí de shaothar a bheadh ar siúl ag an am chomh maith le samplaí den saothar a tugadh chun críche i rith na tréimhse. Mar shampla, chomh maith le samplaí de líníochtaí, de phictiúir agus de phriontaí d'fhéadfaí taifid ghrianghrafacha nó leictreonacha de ghnóthachtáil i saothar tríthoiseach nó i meáin eile a chuimsiú. Ba chóir, freisin, go gcuirfí cuntas an pháiste féin ar a d(h)ul chun cinn san áireamh chomh maith le cuntas an mhúinteora.

Is féidir go gcabhródh an tréith chomhoibritheach a ghabhann le páirtíocht i dtionscadail le féinmheas a fhorbairt chomh maith le cumas agus dearcadh a nochtadh nach n-aithneofaí in aon chor murach é. D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo a leanas bheith ina gcuid den obair sna tionscadail:

- feidhm a bhaint as raon de mheáin chun fríos balla a phleanáil agus a chruthú
- sraith de thaipéisí fite bunaithe ar théama a chruthú
- struchtúr a thógáil le haghaidh foirne d'fhíoracha cré a dhearadh chun ócáid i scéal ficseanach nó staire a léirmhíniú
- samhail mhór le haghaidh féile nó ócáide speisialta a chruthú le *papier maché*.

Is iad na critéir mheastóireachta a mbainfí feidhm astu ná na critéir chéanna a rianaítear i mbreathnóireacht an mhúinteora agus sna tascanna a dhearann an múinteoir. D'fhéadfaí an cnuasach saothair sa bhailiúchán a athbhreithniú in éineacht leis an bpáiste chun féinmheasúnú a spreagadh agus mar chabhair do shoiléiriú cuspóirí. Chothófaí mothú úinéireachta sa pháiste dá mbeadh sé/sí páirteach i roghnú na samplaí agus dá spreagfaí é/í chun cuntas dul chun cinn pearsanta a choimeád. Soláthraíonn measúnú den saghas seo foramharc insroichte ar dhul chun cinn an pháiste san ealaín dó/di féin, dá t(h)uismitheoirí agus don mhúinteoir. Ba chóir go mbeadh baill fhoirne teagaisc ar aon fhocal maidir lena chuspóir agus maidir leis an tslí ab fhearr lena riaradh.

### *Próifílí curaclaim*

Is féidir struchtúr níos foirmiúla a chur ar bhreathnóireacht leantach an mhúinteora ar fhorás an pháiste in ealaín trí phróifílí curaclaim a úsáid. D'fhéadfadh an scoil féin an phróifíl seo a dhearadh agus is é a bheadh ann ná gearrchuntais thuairisciúla ar ghnóthachtáil an pháiste san ealaín. Dhéanfaí na leibhéil ghnóthachtála a nascadh le cuspóirí curaclaim agus dhéanfaí iad a thomhas i gcomparáid le foireann de tháscairí grádaithe de réir castachta. Bhunófaí an measúnú ar bhreathnóireacht an mhúinteora ar an bpáiste i mbun oibre agus ar eolas a bhaileofaí trí mheán tascanna a dhearfadh an múinteoir agus as samplaí oibre, as bailiúcháin oibre agus as tionscadail. Sholáthródh an saghas seo measúnaithe eolas don mhúinteoir agus do thuismitheoirí ar ghnóthachtáil an pháiste agus ar a riachtanais fhoghlama. Bheadh an phróifíl úsáideach freisin agus clár oibre á phleanáil chun freastal a dhéanamh ar na riachtanais sin.

### *Cur chuige cothrom i leith an mheasúnaithe*

Ós é aidhm an mheasúnaithe sna hamharcealaíona eispéireas foghlama an pháiste a fheabhsú is den riachtanas é nach mbeadh aon laghdú suntasach ar an am teagaisc nó foghlama dá bharr. Ba chóir go rianódh polasaí na scoile bealaí soláimhsithe chun tabhairt faoin measúnú agus chun a chinntiú go mbeadh baill na foirne teagaisc in ann teacht, trí dhíospóireacht, ar mhodh cothrom iontaofa éifeachtach measúnaithe a thuigfeadh gach duine agus a chothódh cur chuige cothrom ina leith ar fud na scoile.

## Clárú agus cumarsáid

Soláthróidh an raon d'uirlisí measúnaithe a úsáidfear sa scoil córas cuimsitheach chun forás gach páiste san ealaín a mheasúnú agus a chlárú. D'fhéadfadh baill na foirne teagaisc teacht ar chomhthuiscint i leith critéar meastóireachta agus dul chun cinn an pháiste trí dhíospóireacht agus trína n-eispéiris teagaisc a roinnt ar a chéile. Roinnfear eolas ar dhul chun cinn an pháiste ar thuismitheoirí, ar mhúinteoirí agus ar dhaoine gairmiúla eile agus beidh an t-eolas seo fíorúsáideach chun pleanáil a dhéanamh dá riachtanais foghlama amach anseo.

### *Cárta próifíle an dalta*

Próifíl chuimsitheach de d(h)ul chun cinn an pháiste a bheadh i gcárta próifíle an dalta. Beidh forás an pháiste i ngach snáithe den churaclam amharcealaíon ina ghné amháin dá d(h)ul chun cinn agus déanfar é a chlárú ón eolas a bhailíonn an múinteoir trí ghléasanna measúnaithe éagsúla a úsáid.

Baineann féidearthachtaí ar leith leis an ríomhaire chun cártaí próifíle na ndaltaí a chlárú, a stóráil agus a thraschur ar bhealach soláimhsithe.

# Aguisín

# Gluais

| | |
|---|---|
| ailtireacht dhúchasach | stíl tógála atá ina tréith d'ailtireacht cheantair nó ré áirithe |
| aistreog chriáin | déantar é seo trí chóta criáin ar dhathanna éagsúla a leagan ar leathanach; ansin cuirtear leathanach eile anuas ar an gcéad cheann agus déantar líníocht air; tagann cuid den chrián ar an gcéad leathanach amach mar líníocht dhaite ar íochtar an leathanaigh uachtaraigh |
| *appliqué* | pictiúr nó gréas a chruthaítear trí phíosaí fabraice a fhuáil ar chúlra fabraice |
| batik | dearadh nó ceapachán daite a chruthaítear trí chodanna de phíosaí éadaigh a chéirdhíonadh sula ruaimnítear iad sa chaoi nach mbíonn aon dath ar na codanna céirdhíonacha |
| bundathanna | na trí dhath bhunúsacha (dearg, gorm agus buí) nach féidir a dhéanamh trí dhathanna eile a mheascadh ach ar féidir na líocha eile go léir a dhéanamh trí na bundathanna a mheascadh |
| céirdhíonadh | líníocht a dhéanamh ar leathanach le crián céarach sa tslí nach nglacfaidh na hachair línithe leachtbhrat datha ina dhiaidh sin |
| clóbhualadh criathair | teicníocht chun íomhá chothrom a phriontáil trí mhogalra mín sínte thar fráma |
| colláis | macasamhail nó dearadh a chruthaítear trí ábhair mar pháipéar, chárta, fhabraic, ábhar priontáilte nó chorda a ghreamú ar bhonn cairtpháipéir |
| dathanna comhchuí | dathanna a réitíonn go maith le chéile agus atá cóngarach dá chéile ar roth na ndathanna |
| dathanna comhlántacha | dathanna a threisíonn a chéile agus atá os comhair a chéile ar roth na ndathanna, mar shampla dearg agus uaine |
| dathanna fionnuara | na dathanna gorma, liathghorma agus gormghlasa, a dhealraíonn a bheith ag dul ar gcúl i gceapachán |
| dathanna teolaí | na dathanna dearga, flannbhuí agus buí, a dhealraíonn a bheith ag teacht chun tosaigh i gceapachán |
| dealbha boga | foirmeacha tríthoiseacha déanta d'ábhair sholúbtha mar fhabraic |
| dearadh corna is millín | móitífeanna beaga coirnithe nó snoite de chré agus iad greamaithe ar dhromchla chré ina ndearadh maisiúil |

| | |
|---|---|
| ealaín neamhléiritheach | ealaín nach ndéanann tagairt do rudaí réadacha |
| feasacht aeistéitiúl | an cumas dearcadh ar shaothar ealaíne le tuiscint agus bheith mothaithe dá bharr |
| fótagram | saghas prionta a dhéantar trí rudaí a leagan síos ar pháipéar solasíogair i seomra dorcha a nochtadh do sholas |
| gréas | cruthaítear gréas trí chruthanna, dhathanna nó uigeacht inaitheanta a úsáid arís agus arís eile i gceapachán |
| lí | saintréith bhunúsach d'fhíordhath, mar shampla dearg, uaine |
| líníocht imlíneach | macasamhail chruthaithe i línte amháin gan achair sholadacha de thon nó de dhath |
| liteagrafaíocht | modh priontála a bhraitheann ar thionchar uisce agus gréisce agus iad ag éaradh a chéile |
| mascadh | teicníocht phriontála chun cuid de dhearadh a dhíonadh ar an dath nuair a bhíonn dúch á chur air |
| meáin | ábhair agus uirlisí a úsáideann ealaíontóirí |
| monaiphrionta | prionta amháin a dhéantar, mar shampla, nuair a bhrúitear bileog ghlan anuas ar dhromchla clúdaithe le dúch clóite nó péint agus líníocht déanta uirthi ansin |
| mósáic | dearadh nó maisíocht tonach a chruthaítear trí phíosaí an-bheaga de mharmar, chloch nó ghloine daite a chóiriú ar chúlra; sa scoil is féidir píosaí fabraice nó páipéir dhaite a úsáid |
| peirspictíocht aerga | teicníocht trína gcruthaítear seachmall spásúlach i bpictiúr trí dhath agus ton tréigtheach a úsáid |
| peirspictíocht líneach | an seachmall radhairc go dtagann línte comhthreomhara le chéile ag bun na spéire, mar shampla línte iarnróid, a úsáidtear i líníochtaí agus i bpictiúir chun seachmall doimhneachta a chruthú |
| pota cornánach | pota a dhéantar trí chornáin chré a leagan anuas ar a chéile agus iad a thógáil chun foirm fholamh a chruthú |
| pota méaraithe | pota beag a dhéantar trí log a dhéanamh i liathróid de chré fhuinte agus a thógtar de réir a chéile trí na taobhanna a oibriú suas agus amach leis na méara |

| | |
|---|---|
| priontáil rilífe | priontáil le bloc ar a bhfuil dearadh nó íomhá a sheasann amach i rilíf |
| rádalú/forluiteacht | cruth amháin a chur os comhair crutha eile chun seachmall tríthoiseachta a chruthú i gceapachán |
| rilíf íseal | saghas dealbhóireachta ina mbíonn na foirmeacha greamaithe ar chúlra in ionad bheith ina saorsheasamh |
| rithim | mar a sníonn línte, dathanna, cruthanna agus uigeacht isteach ina chéile i gceapachán |
| rudaí coitianta a dtángthas orthu | gnáthrudaí is féidir a úsáid, mar shampla i gcolláis nó chun stampaí a chruthú |
| samhailchomhartha | líníocht shimplí chun fíor nó rud a léirmhíniú (féach *scéimre*) |
| samhlaoidí | na marcanna, na línte, na cruthanna, na fíoracha agus na rudaí a úsáidtear chun ceapachán ealaíne a dhéanamh |
| scáthchruth | íomhá a léirítear mar chruth cothrom i líníocht nó i bpictiúr |
| scéimre | na marcanna, na línte agus na cruthanna (m.sh. an fhoireann samhailchomharthaí) a úsáideann an páiste chun fíoracha agus rudaí coitianta a léirmhíniú, mar shampla ciorcail agus géaga ar nós maidí chun corp a léiriú nó ciorcal agus dhá líne chomhthreomhara a úsáid chun crann a léiriú |
| staibíl | tógáil dhealbhóireachta i spás agus í daingnithe ar bhonn (cosúil le móibíl a chrochann) |
| stionsal | bileog pháipéir nó chárta a bhfuil cruth nó móitíf gearrtha amach as, a leagtar ar dhromchla agus ar a ndéantar péint a spréáil nó a leathadh le spúinse nó scuab chun macasamhail an chrutha nó na móitífe a dhéanamh |
| tógáil le leaca | obair a dhéanamh le leaca cré a rolladh nó a gearradh de mheall mór cré le sreang ghearrtha |
| ton | gile nó dorchacht datha |
| uigeacht | mar a bhraitheann dromchla nuair a chuirtear lámh air nó a mhacasamhail i meán mar phéint |

# Ballraíocht an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon

Ullmhaíodh an curaclam seo faoi stiúir an Choiste Curaclaim don Oideachas Ealaíon, a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirligh** | Kieran Griffin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Michael O'Reilly | Cumann Múinteoirí Éireann |
| **Baill an choiste** | Eibhlín de Ceannt (*ó 1995*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Evelyn Dunne-Lynch (*go 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Sarah Gormley (*ó 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Michelle Griffin (*go 1996*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Sr Maria Hyland | Aontas na Siúracha/mBráithre Teagaisc Bunscoileanna |
| | Maureen Lally-O'Donoghue | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Pádraig Mac Sitric | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dymphna Mulkerrins | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Emer Nic Aogáin (*go 1995*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Páilín Nic Aogáin | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Kay O'Brien | Bainisteoireacht na gColáistí Oideachais |
| | Noel Ó Ceallaigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Ruairí Ó Cillín | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Colum Ó Cléirigh | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| | Br Pádraig Ó Riain (*go 1995*) | Aontas na mBráithre/Siúracha Teagaisc Bunscoileanna |
| | Gillian Perdue (*go 1993*) | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Joy Sheperd | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Máire Uí Rinn | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Goretti Uí Thnúthail | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| **Oifigigh oideachais** | Ríona Ní Mhurchú | |
| | Catherine Walshe | |

# Ballraíocht an Choiste Comhordaithe Bunscolaíochta

Chun obair na gCoistí Curaclaim a chomhordú is ea a bunaíodh an Coiste Comhordaithe Bunscolaíochta ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

| | | |
|---|---|---|
| **Cathaoirleach** | Tom Gilmore | |
| **Baill an choiste** | Séadhna de Blán (*ó 1995*) | Bord Oideachais Shionad Ginearálta Eaglais na hÉireann |
| | Liam Ó hÉigearta (*ó 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Dympna Glendenning (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Fionnuala Kilfeather (*ó 1995*) | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí—Bunbhrainse |
| | Éamonn MacAonghusa (*go 1996*) | Roinn Oideachais agus Eolaíochta |
| | Ath Gearóid Mac Conmara (*ó 1995*) | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| | Peadar Ó Maoláin | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Síle Ní Núnáin (*ó 1995*) | Cumann Múinteoirí Éireann |
| | Eugene Wall | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile |
| **Comhordaitheoir** | Caoimhe Máirtín (*go 1995*) | |
| **Leas-phríomhfheidhmeannach** | Lucy Fallon-Byrne (*ó 1995*) | |
| **Príomhfheidhmeannach** | Albert Ó Ceallaigh | |

Cathaoirligh na Comhairle: Dr Tom Murphy (*go 1996*), Dr Caroline Hussey (*ó 1996*)

ISBN 0-7076-6306-7

9 780707 663067

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA
DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
NCCA